# Ag cur Athrú chun Feabhais ar Shaol Leanaí.

RTÉ TOY SHOW APPEAL

Community Foundation Ireland



# Clár

**Cuid 1 - RTÉ Toy Show Appeal**
RTÉ & Fondúireacht Phobail na hÉireann 3
RTÉ Toy Show Appeal 4
Cúig Bliana de Thacaíocht leis an RTÉ Toy Show Appeal 5
Teachtaireacht ó Phríomh-Stiúrthóir RTÉ, Kevin Bakhurst 6
Teachtaireacht ó Denise Charlton, Príomhfheidhmeannach Fhondúireacht Phobail na hÉireann 7

**Cuid 2 - Léiriú ar Chúig Bliana de Thacaíocht**
Príomhthéamaí Deontais 10
Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais 10
Sláinte & Folláine 11
Cruthaitheacht & Súgradh 11
Tionchar Forleathan na Tacaíochta 12
Earnáil na gCarthanas Leanaí a Neartú 13
Cúig Bliana de Thionchar Claochlaitheach 15
Léargas ar Athruithe Saoil 20

**Cuid 3 - An Chaoi a bhfuil Saol Daoine á Athrú le Deontais in 2025**
Sracfhéachaint ar 2025 24
Deontais Chlaochlaitheacha a Bronnadh 25
An Chaoi ar Tacaíodh le Leanaí 31
Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais 31
Sláinte & Folláine 36
Cruthaitheacht & Súgradh 45

**Cuid 4 - Flaithiúlacht Deontóirí a Chosaint**
Trédhearcacht & Iontaoibh 48
Próiseas Dámhachtana Deontas 50
Forbhreathnú Airgeadais 51
Ráitis Airgeadais 52
Nótaí Buíochais 53

# Cuid 1
# An RTÉ Toy Show Appeal





Is é RTÉ (Raidió Teilifís Éireann) an eagraíocht náisiúnta meán seirbhíse poiblí in Éirinn, a fhreastalaíonn ar an lucht féachana agus éisteachta ar fud na n-ardán teilifíse, raidió, digiteach agus ar líne. Tá RTÉ ar cheann de na heagraíochtaí meán seirbhíse poiblí is sine ar domhan atá ag feidhmiú go leanúnach. Bunaíodh an eagraíocht sa bhliain 1926 agus seirbhísí raidió á sheoladh acu, agus chuir siad seirbhísí teilifíse ar fáil sa bhliain 1961. Mar fhoinse neamhspleách scéalta, nuachta, faisnéise agus siamsaíochta, léiríonn ábhar iontaofa RTÉ éagsúlacht shaol na hÉireann, agus cuireann sé le saol laethúil na ndaoine sa bhaile agus i bhfad i gcéin.

Bíonn RTÉ á threorú ag na luachanna seo a leanas: misneach, cuntasacht agus meas. Mar chuid dá thiomantas chun cur le saol na hÉireann, tá ról ríthábhachtach ag RTÉ chun tacú le sochaí na hÉireann - ní hamháin lena chuid seirbhísí meán, ach le tionscnaimh agus eispéiris eile a mbíonn tionchar sóisialta acu, agus a chuireann cuimsiú agus rannpháirtíocht an phobail chun cinn.

Ceann de na samplaí is cumhachtaí a thugann léargas ar an tiomantas seo é an RTÉ Toy Show Appeal, lena mbaintear tairbhe as dea-thoil *The Late Late Toy Show* chun tacaíocht inláimhsithe a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh ar fud na hÉireann. Arna seachadadh i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Phobail na hÉireann, is léiriú í an Achainí ar chuspóir RTÉ chun freastal ar phobal uile na hÉireann agus eispéiris a chruthú lena ndéanfar difríocht fhiúntach i saol na ndaoine.

Is carthanas cláraithe agus príomh-mhol daonchairdiúil í Fondúireacht Phobail na hÉireann (UCC: 20044886) a oibríonn chun comhionannas a bhaint amach do chách i bpobail rathúla. Bunaíodh an Fhondúireacht sa bhliain 2000 agus nascann sí deontóirí—daoine aonair, teaghlaigh, corparáidí agus iontaobhais—le breis is 5,000 comhpháirtí pobail agus deonach ar fud na hÉireann. Is é misean na Fondúireachta ná athrú sóisialta straitéiseach, fadtéarmach a chur i gcrích trí thionscnaimh a mhaoiniú lena rachfar i ngleic le neamhionannas, lena dtacófar le cuimsiú, agus lena ndéanfar daoine a chumasú sa lá atá inniu ann agus amach anseo.


Is Ciste faoi Chomhairle Deontóirí é an RTÉ Toy Show Appeal atá á choinneáil ar iontaobhas ag Fondúireacht Phobail na hÉireann, a bhfuil ról lárnach acu freisin mar chomhpháirtí seachadta. Is iad a dhéanann bainistiú ar an bpróiseas neamhspleách iarratais, ar an sainmheasúnú agus ar dháileadh na gcistí a bhailítear leis an Achainí. Cinntíonn an Fhondúireacht go ndéantar tabhartais a infheistiú go straitéiseach i dtionscadail a thacaíonn le sláinte, le hoideachas agus le folláine leanaí, agus cuirtear béim láidir ar chuimsiú agus ar dhea-thionchar.

# An RTÉ Toy Show Appeal

D'eascair an RTÉ Toy Show Appeal as an draíocht agus as an bhflaithiúlacht a bhaineann le *The Late Late Toy Show*, an ócáid teilifíse is mó a bhfuil cion ag muintir na hÉireann uirthi. Ba í flaithiúlacht neamhleithleach Saoirse Ruane, nach maireann, a spreag an Achainí. Seoladh an Achainí in 2020 agus ón tús, aistríodh spiorad an tseó— gliondar, iontas agus pobal— isteach ina fhórsa cumhachtach dearfach, agus airgead á bhailiú chun tacú leis na leanaí agus na teaghlaigh is mó ar fud na hÉireann a bhfuil cúnamh de dhíth orthu.

Taobh istigh de chúpla bliain, tá saol na leanaí agus na dteaghlach seo athraithe ó bhonn mar thoradh ar an Achainí. A bhuí le flaithiúlacht iontach an lucht féachana, tá os cionn €26 milliún bailithe, agus tugadh deontais do na céadta carthanas áitiúil agus náisiúnta i ngach contae ar fud oileán na hÉireann dá bharr. Oibríonn na heagraíochtaí seo gan stad gan staonadh chun folláine leanaí a fheabhsú. Soláthraíonn siad seirbhísí ríthábhachtacha i dtaobh sláinte, oideachais, cuimsithe agus tacaíocht mhothúchánach. Ó sheomraí céadfacha agus seirbhísí teiripe a mhaoiniú, go béilí te, spásanna sábháilte agus deiseanna cruthaitheacha a chur ar fáil, cinntíonn an Achainí go mbíonn deis ag gach leanbh teacht faoi bhláth— beag beann ar chúinsí a saoil.

Is léiriú é an RTÉ Toy Show Appeal ar fhlaithiúlacht dhochreidte mhuintir na hÉireann. Déanann sí ceiliúradh ar an áthas a bhaineann le tacaíocht a thabhairt, ar phobail chomhbhácha, agus ar acmhainn leanaí. De réir mar a leanann an Toy Show ar aghaidh agus gliondar á chur ar an lucht féachana bliain i ndiaidh bliana, bíonn an Achainí anois ina chroílár: toradh ar ghrá, ar gháire, agus ar dhea-thionchar leanúnach an tseó.



**Ráiteas Misin an RTÉ Toy Show Appeal**

**“Leanaí a spreagann an obair a dhéantar leis an draíocht a bhaineann leis an Late Late Toy Show a bheith ag gach leanbh in Éirinn. Trí thacaíocht riachtanach, sláinte, folláine, súgradh agus cruthaitheacht a mhaoiniú, tá sé mar aidhm ag RTÉ saol leanaí a athrú go deo.”**

# Cúig Bliana de Thacaíocht leis an RTÉ Toy Show Appeal

I gcomhpháirtíocht leis an gcarthanas cláraithe Fondúireacht Phobail na hÉireann (UCC: 20044886) eagraíodh próiseas iarratais oscailte, rinneadh measúnú foirmiúil, agus dáileadh an t-airgead a bailíodh sa tslí is go mbainfí an tionchar ba mhó agus ab fhéidir amach.  Léirítear sa tuarascáil seo an ról sainiúil a bhí ag an gciste maidir le tacú le réimse tionscadal a bhfuil feabhas curtha acu ar shaol leanaí agus teaghlach le cúig bliana anuas.

Is é an RTÉ Toy Show Appeal an fhoinse mhaoinithe dhaonchairdiúil aonair is mó anois don earnáil Leanaí agus Óige. Tá €26,451,786 bailithe ó 2020.  Níl anseo ach léargas ar an iliomad bealaí a chuidigh na tabhartais le daoine.

## Sracfhéachaint ar an Tionchar Náisiúnta

### €26M+ bailithe

### Chuaigh an ciste chun tairbhe 32 contae na hÉireann

Tá líonra náisiúnta cúraim forbartha ag tionchar an Achainí, rud a chinntíonn nach bhfágtar aon phobal ar lár nuair atáthar ag tacú le leanaí leochaileacha.

### Tacaíodh le 500+ carthanais

Deontais ar leibhéal pobail, áitiúil agus náisiúnta, ó dheontais phobail áitiúla €4K go deontais chlaochlaitheacha mhórscála níos mó ná €1.5M do na carthanais Náisiúnta Barnardo's, agus Fondúireacht Sláinte Leanaí.

### Tacaíocht bhliantúil tugtha do 1M+ leanbh agus teaghlach

Chuaigh gach deontas i bhfeidhm go mór ar shaol daoine — cuireadh cúram sláinte, oideachas agus tacaíocht riachtanach do leanaí agus do theaghlaigh ar fáil nuair a bhí sé ag teastáil go géar uathu.

### Éifeachtúlacht costais 96.7%

Ciallaíonn tiomantas na hAchainí d'éifeachtúlacht costais go mbaintear an tairbhe is mó agus is féidir as gach euro a bhailítear.

### Fuarthas €7.2 milliún i gcistí breise giaráilte anuas ar mhaoiniú na hAchainí

Chomh maith leis na deontais a tugadh go díreach, chabhraigh an RTÉ Toy Show Appeal le haird a tharraingt ar phróifíl na gcarthanas leanaí agus tháinig maoiniú breise suntasach isteach san earnáil dá bharr.

### Tacaíodh le 100+ treoirthion-scadal thar 5 bliana

Cuidíonn maoiniú píolótach le heagraíochtaí fianaise a bhailiú, cineálacha cur chuige a bheachtú, agus tionchar a léiriú. Is minic go gcuidíonn na nithe seo leo tuilleadh infheistíochta nó deiseanna forbartha a bhaint amach.

# Príomh-Stiúrthóir RTÉ, Kevin Bakhurst



Agus an cúigiú bliain den RTÉ Toy Show Appeal á cheiliúradh againn, braithim gur chóir dúinn an t-am a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach.

Cúig bliana ó shin, agus muid spreagtha ag an gcailín óg, misniúil, Saoirse Ruane, sheolamar Achainí a bhfuil fás déanta anois aici nach bhféadfaimis a shamhlú. Ó ghníomh amháin, tá rud éigin leanúnach agus suntasach tagtha chun cinn—os cionn €26 milliún bailithe, agus tacaíocht á tabhairt do níos mó ná milliún leanbh agus teaghlach go bliantúil ar fud gach contae in Éirinn.

Ina croílár, is ionann scéal na hAchainí, agus scéal faoi mhaitheas na ndaoine. Fiú agus daoine ag streachailt le dúshláin phearsanta—i rith paindéim dhomhanda, nó iad thíos le hardchostais mhaireachtála agus neamhchinnteacht trí chéile—thacaigh ár lucht féachana leis an Achainí i gcónaí. Tá an traidisiún a bhain le bheith ag féachaint ar The Late Late Toy Show iompaithe isteach i rud éigin níos doimhne anois: gníomh a bhaineann le pobal agus le comhbhá.

In 2025 amháin, chuir flaithiúlacht phobal na hÉireann tacaíocht ar fáil do leanaí gan dídean, dóibh siúd atá ag maireachtáil faoi mhíchumas, do dhaoine óga atá ag próiseáil tráma, agus do theaghlaigh atá ag streachailt le bia a chur ar an mbord. Tá réimse leathan ábhar agus seirbhísí maoinithe ag baint leis na deontais seo: ó sheirbhísí speisialtóireachta teiripe go cláir ealaíon cruthaitheach, chomh maith le trealamh leighis riachtanach agus spásanna inar féidir le páistí a bheith ag spraoi, ag cruthú, agus ag smaoineamh faoin todhchaí.

Taobh thiar de na staitisticí, tá leanaí a bhfuil feabhas tagtha ar chúinsí a saoil. Teaghlaigh a fuair tacaíocht nuair a bhí cúnamh ag teastáil go géar uathu. Pobail a neartaíodh. Is é sin an léiriú ar an méid atá bainte amach.

Táimid an-bhuíoch i gcónaí d'Fhondúireacht Phobail na hÉireann as a gcomhpháirtíocht agus as a saineolas maidir lena chinntiú go mbaintear an tairbhe is mó agus is féidir as gach euro a bhailítear. Bhí a bpróiseas dianmheasúnaithe agus a dtuiscint ar na dúshláin atá roimh leanaí ar fud oileán na hÉireann riachtanach chun go n-éireodh leis an Achainí.

Gabhaimid buíochas freisin leis na céadta carthanas a sholáthraíonn na seirbhísí ríthábhachtacha seo agus a dtugann a ndúthracht agus a ngairmiúlacht an méid go mbíonn deontóirí ag súil leis chun fíre, agus lenár gcomhpháirtithe tabhartais a chuidíonn linn scála tabhartais chomh mór seo a chumasú. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an bhfoireann ar fud RTÉ a chuidíonn linn é seo a bhaint amach; is sampla iontach é den obair foirne, den chomhoibriú agus den tseirbhís phoiblí.

Ag féachaint chun cinn, táimid tiomanta go hiomlán go gcoinneoidh an RTÉ Toy Show Appeal air ag fás, go gcuideoidh sé le níos mó leanaí fós a dteastaíonn tacaíocht uathu, agus go mairfidh an traidisiún seo amach anseo.

Do gach duine a thug tabhartas—cibé ar €5 nó €500 a bhí i gceist, uair amháin nó gach bliain—go raibh maith agaibh. Chuidigh na tabhartais sin linn fíordhifríocht bhuan a dhéanamh.

**Kevin Bakhurst**
Príomh-Stiúrthóir RTÉ

# Príomhfheidh-meannach Fhondúireacht Phobail na hÉireann, Denise Charlton



Tá 25 bliain caite againn i bhFondúireacht Phobail na hÉireann ag nascadh deontóirí flaithiúla leis na pobail agus na cúiseanna is mó a dteastaíonn tacaíocht uathu. Is é an ról atá againn ná a chinntiú go mbíonn fíor-athrú buan mar thoradh ar an daonchairdeas.

Nuair a seoladh an RTÉ Toy Show Appeal in 2020, ba mhór an onóir dúinn gur roghnaíodh an Fhondúireacht mar chomhpháirtithe don aistear seo. D'oscail muintir na hÉireann a gcroí an oíche sin chun tacú leis na leanaí is leochailí in Éirinn. Ghlacamar go fonnmhar leis an bhfreagracht - agus leis an bpribhléid - a bhaineann leis an bhflaithiúlacht neamhghnách sin a iompú isteach ina gníomhaíocht fhiúntach, straitéiseach.

Is obair í seo a bhfuil taithí mhaith againn uirthi. Tá dlúthnasc againn le 5,000 eagraíocht dheonach, phobail agus charthanachta ar fud na hÉireann, tuigimid cén áit a bhfuil an gá is mó, agus cé na cineálacha cur chuige a mbíonn fíorthionchar acu. Thugamar an t-eolas seo chun cuimhne don Achainí - leagamar amach cláir dheontais agus iarratais ghrinnfhiosrúcháin, agus chinntíomar go ndeachaigh gach euro a bailíodh chuig na leanaí agus na teaghlaigh a raibh sé ag teastáil go géar uathu.

Is é an fáth go mbíonn tionchar faoi leith ag ár gcuid oibre ná go bhfuilimid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt do dhaoine. Téimid i gcomhairle le príomh-shaineolaithe cearta leanaí, bímid i dteagmháil le heagraíochtaí seirbhísí tosaigh, agus níos tábhachtaí fós, faighimid eolas go díreach ó na pobail a mbímid ag freastal orthu. Cinntíonn sé seo nach dtugaimid aghaidh ar riachtanais phráinneacha amháin - aithnímid dúshláin atá ag teacht chun cinn agus freagraímid dóibh, ón ngéarchéim costais maireachtála go tacaíocht a thabhairt do leanaí dídeanaithe nuathagtha.

I ndiaidh cúig bliana, tá scéal tábhachtach á léiriú sna huimhreacha: tacaíodh le níos mó ná aon mhilliún leanbh agus a dteaghlaigh gach bliain, bailíodh níos mó ná €26 milliún, agus maoiníodh breis agus 650 tionscadal éagsúil ar fud gach contae. Taobh thiar de na figiúirí seo áfach, tá nithe níos tábhachtaí fós - idirghabhálacha meabhairshláinte ceannródaíocha, leanaí ó ghrúpaí mionlaigh a fuair rochtain ar oideachas, teaghlaigh a d'fhág an bhochtaineacht ina ndiaidh, agus cumhacht chlaochlaitheach na cruthaitheachta agus an tsúgartha a soláthraíodh dóibh siúd ba mhó a raibh sé de dhíth orthu.

Is pribhléid í an dea-thionchar seo a fheiceáil agus téann sé go croí ionainn. Don lucht féachana, do na deontóirí, agus don lucht tacaíochta a chuidigh linn é seo a bhaint amach - thar ceann Fhondúireacht Phobail na hÉireann agus ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta - go raibh maith agaibh. Bhí tionchar fad saoil ag bhur bhflaithiúlacht.

**Denise Charlton**
Príomhfheidhmeannach Fhondúireacht Phobail na hÉireann



# Cuid 2
# Léiriú ar Chúig Bliana de Thacaíocht



# Léiriú ar Chúig Bliana de Thacaíocht

Agus cúig bliana den RTÉ Toy Show Appeal á chomóradh, féachann an méid seo a leanas ar na tionscadail a maoiníodh, ar na daoine a ndeachaigh an Achainí chun tairbhe dóibh, agus ar an méid a thuairiscíonn comhpháirtithe na hAchainí maidir leis an tionchar a bhí aici go dtí seo. Ón tús, d'oibrigh RTÉ i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Phobail Éireann chun cur chuige straitéiseach, daonchairdiúil a ghlacadh maidir leis an airgead a bhailítear tríd an Achainí a dháileadh. Trí thaighde, trí chomhairliúchán le saineolaithe cearta leanaí, agus trí theagmháil leanúnach le heagraíochtaí seirbhísí tosaigh, sainaithníodh trí phríomhthéama tosaíochta, a shonraítear thíos, mar théamaí a mbíonn tionchar dearfach acu ar shaol leanaí.

Bíonn cur chuige foriomlán na hAchainí chomh cuimsitheach agus is féidir, agus muid ag iarraidh an oiread cineálacha éagsúla seirbhísí agus carthanas agus is féidir a chur san áireamh; chun aghaidh a thabhairt ar raon éagsúil riachtanas agus leanaí, ar fud raon leathan geografach. Bronntar na deontais ar thrí leibhéal éagsúla—Pobal (€4K -€25K), Tionchar (€15K+), agus Claochlaitheach (€95K+). I ngach cás, tugtar tosaíocht iomlán don tslí is fiúntaí agus is féidir chun cabhrú le leanaí.

## Príomhthéamaí Deontas

Seo a leanas trí phríomhthéama an RTÉ Toy Show Appeal—**Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais, Sláinte agus Folláine, agus Cruthaitheacht agus Súgradh**— tá siad seo mar bhonn leis an gcreat straitéiseach a threoraíonn cinntí maoinithe. Tugann gach téama aghaidh ar ghné ar leith d'fholláine na hóige ach tá nasc idir na téamaí go léir. Le chéile, cinntíonn siad seo go dtacaítear le leanaí ar bhealach uileghabhálach: freastalaítear ar na bunriachtanais a ligeann do leanaí teacht faoi bhláth, soláthraítear na seirbhísí fisiciúla agus meabhairshláinte a theastaíonn ó leanaí chun cneasú agus chun fás, agus cruthaítear deiseanna le haghaidh sonais agus forbartha tríd an rannpháirtíocht chruthaitheach a thugann deis do leanaí iad féin a chur in iúl. Aithníonn an cur chuige seo gur minic a bhíonn tacaíocht de dhíth ar leanaí a bhfuil dúshláin rompu ar fud réimsí éagsúla dá saol.

### Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanas



Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ábhartha:



Tá de chuspóir le deontais den aicme cistíochta seo a chinntiú go mbíonn leanaí sábháilte, teolaí, beathaithe agus go mbíonn an cúnamh taca is cóir ar fáil acu i ndáil le riachtanais oideachais. Tá de chuspóir, trí chúnamh taca praiticiúil a chur ar fáil, feabhas a chur ar chúinsí maireachtála, ar thaithí saoil agus ar thorthaí do leanaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol díth de chineál ar bith agus cur leis an deis a bhíonn ar oideachas ag leanaí atá i mbaol. Tugann tacaíochtaí faoin téama seo aghaidh ar bhochtaineacht, ar neamhdheimhneacht i dtaca le soláthar bia, agus ar chruatan teaghlaigh. Áirítear na samplaí seo a leanas i measc na dtionscnamh maoinithe:

- Cláir bhia agus chothaithe
- Cóiríocht éigeandála agus seirbhísí teaghlaigh
- Rochtain ar chearta dlíthiúla agus ar sheirbhísí abhcóideachta do leanaí
- Cúnamh le costais mhaireachtála
- Ábhair oideachais chun bacainní ar fhoghlaim a laghdú

### 5 Bliana in Uimhreacha

**Poblacht na hÉireann: 160 deontas, €6.8M san iomlán***

**Tuaisceart Éireann: 13 deontas, £376K san iomlán**

**An meánmhéid a fuair tairbhithe in aghaidh na bliana: 137,000**



* Lúide 2 dheontas sa tsraith seo a cuireadh ar ais, ar luach iomlán €93,000.

## Sláinte agus Folláine

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ábhartha:

Baineann cistíocht den chatagóir seo le heagraíochtaí a oibríonn le leanaí agus daoine óga le feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil ag leanaí atá ag déileáil le míchumas nó le tinneas tromchúiseach agus leo siúd a chuidíonn le leanaí a gcuid sláinte mheabhrach agus athléimneachta a fheabhsú. Is í seo an chatagóir mhaoinithe is mó. Tacaíonn sí le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach, le téarnamh tráma, agus le cuimsiú. Seo samplaí den ábhar:

- Sainteiripe do leanaí faoi mhíchumas
- Comhairleoireacht mheabhairshláinte
- Seirbhísí do leanaí a ndeachaigh foréigean nó bás i bhfeidhm orthu
- Trealamh leighis agus tacaíocht cúraim baile

### 5 Bliana in Uimhreacha

**Poblacht na hÉireann: 274 deontas, €11.1M san iomlán**

**Tuaisceart Éireann: 40 deontas, £1.2M san iomlán**

**An meánmhéid a fuair tairbhithe in aghaidh na bliana: 810,000***

* Léiríonn an figiúr ard seo an t-ardchostas a bhaineann le seirbhísí sláinte. Is minic a thacaíonn na seirbhísí seo le leanaí arís agus arís eile thar thréimhsí fada cúraim, chomh maith le seirbhísí a thacaíonn le teaghlaigh agus le pobal iomlán leanaí i gcaitheamh a dturais sláinte.

## Cruthaitheacht agus Súgradh

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ábhartha:

Is bunghnéithe iad an chruthaitheacht agus an súgradh d'fhorbairt chognaíoch an linbh agus den fhorbairt ar an iompar sóisialta. Tá d'aidhm leis an gcistíocht cur leis an bhforbairt phearsanta agus leis an bhforbairt mhothúchánach, chomh maith le seasmhacht agus le folláine leanaí faoi mhíbhuntáiste trí chláir agus bearta cruthaitheachta a chuidíonn leis an bhforbairt phearsanta agus a threisíonn le lánpháirtíocht. Cuireann maoiniú sa réimse seo foghlaim agus forbairt chuimsitheach chun cinn leis na nithe seo a leanas:

- Cláir ealaíon, cheoil agus dhrámaíochta
- Clóis súgartha inrochtana agus spásanna céadfacha
- Teiripí cruthaitheacha in ospidéil agus i scoileanna
- Cláir iarscoile agus chultúir

### 5 Bliana in Uimhreacha

**Poblacht na hÉireann: 144 deontas, €5.5M san iomlán**

**Tuaisceart Éireann: 22 deontas, £443K san iomlán**

**An meánmhéid a fuair tairbhithe in aghaidh na bliana: 193,000**

## Ag Tacú le Spriocanna Domhanda


Cuireann an RTÉ Toy Show Appeal, a bhíonn á seachadadh i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Phobail Éireann, go díreach le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Trí thionscadail a thacaíonn le sláinte, le hoideachas, le comhionannas agus le folláine leanaí a mhaoiniú, cuireann an Achainí roinnt de na 17 SFInna chun cinn— go háirithe iad siúd atá dírithe ar bhochtaineacht a laghdú, rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú, agus pobail chuimsitheacha a chothú. Is sampla cumhachtach é den tslí gur féidir le flaithiúlacht ar bhonn áitiúil dul chun cinn domhanda a chur chun cinn.

# Tionchar Forleathan na Tacaíochta

Le cúig bliana anuas, thacaigh an Achainí go díreach le níos mó ná 1 mhilliún leanbh, agus a ndaoine muinteartha, gach bliain. Bíonn tionchar forleathan ag an Achainí a théann i bhfeidhm ar go leor daoine eile, anuas ar na tairbhithe díreacha— téann sí i bhfeidhm ar thuismitheoirí, ar dheartháireacha agus deirfiúracha, ar an bpobal, agus ar earnáil na carthanachta trí chéile.

Nuair a thugtar tacaíocht do leanbh, leathann an dea-thionchar amach. Ní hamháin go gcuidíonn seisiún teiripe leis an leanbh, maolaíonn sé an t-ualach a bhíonn ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí. Is áit é an clós súgartha inrochtana go bhféadfadh an pobal go léir teacht le chéile ann. Ardaíonn cláir mheabhairshláinte i scoileanna feasacht i measc múinteoirí. Ciallaíonn sé seo go gcuireann gach euro a infheistítear le hathruithe dearfacha.

## Thacaigh an Achainí le níos mó ná 1 mhilliún leanbh, agus a ndaoine muinteartha, gach bliain



# Earnáil na gCarthanas Leanaí a Neartú


Baineann leanaí agus teaghlaigh aonair tairbhe dhíreach as an Achainí, ach bíonn dea-thionchar aici ar earnáil na gcarthanas trí chéile chomh maith.

Cuireann carthanais leanaí seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil a thacaíonn leis na leanaí is leochailí. Cinntíonn earnáil láidir, athléimneach, eolasach agus dea-nasctha, go soláthraítear an caighdeán clár is fearr agus an acmhainneacht is mó ó thaobh tionchair de. Anuas ar thacaíochtaí airgeadais, chabhraigh clár straitéiseach rannpháirtíochta an RTÉ Toy Show Appeal leis an earnáil ar na bealaí seo a leanas:

### Maoiniú Breise

## Tá €5.2 milliún breise, ar an meán, curtha ag an RTÉ Toy Show Appeal le hearnáil na gcarthanas leanaí gach bliain.


Áirítear leis seo tacaíocht do thionscadail nua agus nuálacha a d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach maoiniú a aimsiú dóibh murach an Achainí



**Feasacht agus Rannpháirtíocht an Phobail**
Ní hamháin go raibh tionchar suntasach ag an Achainí ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuireann carthanais ar fáil, ach d'ardaigh sí feasacht ar charthanais leanaí freisin, rud a spreagann níos mó daoine chun leas a bhaint as a gcuid seirbhísí.



**Tacú le Nuálaíocht**
Thacaigh an Achainí le **níos mó ná 100 treoirthionscadal** thar thréimhse cúig bliana, tráth ar thástáil carthanais leanaí a gcuid smaointe nua agus ar chruthaigh siad go mbeadh rath orthu, sula ndeachaigh siad ar aghaidh chun maoiniú breise a fháil.



**Uasoiliúint agus Comhoibriú**
Chuir infheistíocht san earnáil deiseanna ar fáil don fhoireann uasoiliúint a dhéanamh agus thug sí deiseanna d'eagraíochtaí a thuilleadh comhoibrithe a dhéanamh agus eolas i dtaobh dea-chleachtais a roinnt..

### Infheistíocht Bhreise a Ghiaráil

## Ghin an Achainí €7.2 milliún i maoiniú giaráilte breise don earnáil.

Neartaigh an RTÉ Toy Show Appeal brandaí go leor carthanas áitiúil agus chuir sé 'séala ceadaithe' ar fáil do mhaoinitheoirí eile, rud a chuidigh leis na heagraíochtaí tairbhithe tuilleadh infheistíochta a bhaint amach go rathúil.

"Bhí an maoiniú seo ríthábhachtach, sa tslí gur lig sé dúinn dul i dteagmháil lenár ngníomhaireacht áitiúil Tusla, agus an obair a dhéanaimid leo a chur os comhair an phobail. Tá caidreamh an-mhaith againn leo anois. Chuidigh sé seo linn maoiniú breise a fháil, ionas go bhféadfaimid an tionchar a imrímid a mhéadú, agus cuidiú lena thuilleadh daoine óga."

*Tionscadal Dúlra Fiáin Venture Out*


HALTI

# Cúig Bliana de Thionchar Claochlaitheach

Déantar deontais chlaochlaitheacha a dhearadh ní hamháin chun seirbhísí a sholáthar, ach chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaítear leis na leanaí is leochailí in Éirinn. Ní bhaineann na deontais seo le seirbhísí maoinithe amháin — baineann siad le córais a athrú, meon na ndaoine a athrú, agus féidearthachtaí nua a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh ar fud na hÉireann.

Bíonn na deontais idir €95K+ agus €1.5milliún. Bronnadh iad ar thionscadail a théann i ngleic le cuid de na dúshláin is casta atá roimh leanaí sa lá atá inniu ann — ó dhrochíde sa teaghlach agus meabhairshláinte, go cuimsiú míchumais agus cúram maolaitheach. I gcásanna áirithe, giarálann deontais chlaochlaitheacha maoiniú breise ó dheontóirí chun an tionchar a uasmhéadú tuilleadh. Léiríonn an tsamhail mhaoinithe chomhoibritheach seo, ina gcomhthiomsaítear acmhainní ón RTÉ Toy Show Appeal le tabhartais ó dheontóirí daonchairdiúla eile, láidreacht lárnach de chuid cur chuige comhoibritheach na hAchainí.

Taispeánann na scéalta seo an méid is féidir a bhaint amach nuair a dhéantar infheistíocht i smaointe uaillmhianacha agus nuair a bhíonn muinín againn as an bpobal chun an bealach a threorú.

### Cúig Bliana d'Infheistíocht

**Bronnadh 16 deontas thar 5 bliana**

**Deonaíodh €5.46M thar 5 bliana**

### Réimsí Saincheisteanna a Maoiníodh

**Saincheisteanna Meabhairshláinte: €1.8M**

**Saincheisteanna i dtaobh Sláinte Fhisiciúil: €1.5M**

**Oideachas & Oiliúint: €903K**

**Forbairt Pobail: €440K**

**Cur chun cinn na nEalaíon, an Chultúir agus na hOidhreachta: €370K**

**Cuimsiú Sóisialta: €225K**

**Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe: €95K**

**Bochtaineacht: €120K**

Pléann na deontais a leagtar amach anseo thíos le RTÉ Toy Show Appeal 2020-2023, agus clúdaítear Deontais Chlaochlaitheacha 2024 i gCuid 3 den tuarascáil seo.

# Barnardos
# €1.5M bronnta

Cláir Folláine do leanaí agus do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste

Oibríonn Barnardos le leanaí agus le teaghlaigh ó phobail faoi mhíbhuntáiste atá ag streachailt le fadhbanna bochtaineachta idirghlúine, le gnóthachtáil oideachais íseal, le dífhostaíocht, mí-úsáid substaintí, foréigean agus coireacht.

D'éirigh leis an gClár Folláine Pobail a reáchtáladh ar bhonn píolótach i gcúig shuíomh ar fud Bhaile Átha Cliath, Thiobraid Árann agus na hIarmhí, agus bhí 2,618 duine páirteach ann. Thacaigh Seirbhís Méala na Leanaí le níos mó ná 400 leanbh a bhfuil riachtanais chasta acu agus a ndeachaigh méala trámach i bhfeidhm orthu, agus tacaíodh le 400 tuismitheoir chomh maith. Chuidigh an maoiniú le Barnardos 44 ionad a athrú ina spásanna teiripeacha atá dírithe ar thráma, lena n-áirítear limistéir laistigh agus lasmuigh. Chuir na spásanna seo feabhas suntasach ar fholláine leanaí agus tuismitheoirí, agus chuidigh siad leo agus iad ag dul i mbun obair theiripeach.

# Fondúireacht Sláinte Leanaí
# €1.5M bronnta

Taighde, trealamh ríthábhachtach, agus tionscnaimh tacaíochta othar & teaghlaigh

Tá 300,000 leanbh ag baint tairbhe as an maoiniú claochlaitheach seo. Tá an taighde leighis ag cur le feabhsuithe i dtaobh cóireálacha, leigheas ar thinnis, agus cosc ar thinnis a théann i bhfeidhm ar leanaí. Chuidigh an trealamh leighis úrscothach le hoibrithe sláinte leanaí breoite a dhiagnóisiú, cóir leighis a chur orthu, agus monatóireacht a dhéanamh orthu. D'aithin Fondúireacht Sláinte Leanaí go mbíonn tionchar díreach ag folláine teaghlaigh ar théarnamh linbh, agus chuige seo bhain siad leas as an Deontas Claochlaitheach chun tacú le teaghlaigh ó thaobh iompair, bia agus riachtanais eile de, a fhada agus cóir leighis á cur ar leanbh den teaghlach.

# Leabhair Pháistí Éireann
# €303K bronnta

Clár 'Gach Leanbh ina Léitheoir'

D'oibrigh an clár trí bliana seo, inar bronnadh leabhair ar leanaí scoile chun léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr a chur chun cinn, le ceithre scoil chun an léitheoireacht a shníomh isteach i saol na scoile. Bhain níos mó ná 1,300 leanbh tairbhe as an maoiniú. B'iontach an toradh a bhí ar an gclár: Chuir 63% de na leanaí a ndearnadh suirbhé orthu in iúl go gcuireann an léitheoireacht áthas orthu, agus dúirt 91% de na múinteoirí go bhfuil a gcuid daltaí ag léamh níos mó agus go bhfuil borradh tagtha faoi chultúr na léitheoireachta ina scoileanna. Mar thoradh ar rath an chláir, d'éirigh le Leabhair Pháistí Éireann €381K de mhaoiniú breise a fháil in 2024 agus 2025 chun an obair seo a leathnú agus an clár a thabhairt chuig níos mó scoileanna.

## Seirbhísí don Lucht Siúil - Exchange House 440K bronnta

(300K in 2022 agus €140K in 2024)

### Tacaíochtaí spriocdhírithe oideachais do leanaí den Lucht Siúil

Is é Exchange House Ireland, Seirbhís Náisiúnta an Lucht Siúil, an príomhsholáthraí seirbhísí tosaigh agus tacaíochta do chuid de na daoine is imeallaithe den phobal. Mhaoinigh an deontas claochlaitheach seo taighde a rinneadh le máithreacha den Lucht Siúil chun na bacainní a bhíonn ar a leanaí sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas a aithint. Mar thoradh ar an taighde seo, tá na seirbhísí tacaíochta a chuireann gníomhaireachtaí áitiúla ar fáil i bhfad níos éifeachtaí anois. Tá scoileanna, príomhoidí, múinteoirí - agus Comhordaitheoirí Teagmhála Baile is Scoile agus cláir Chríochnaithe Scoile ach go háirithe - níos eolaí anois ar na príomhbhacainní a bhíonn ar leanaí den Lucht Siúil i gcathair Luimnigh. Tá tionchar dearfach á imirt ag an bhfeasacht ardaithe seo ar chleachtais agus tá torthaí oideachais leanaí den Lucht Siúil ag feabhsú dá bharr.

## Parents Plus €300K bronnta

### Cláir do Thuismitheoirí a leathnú i gcomhpháirt le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh

Leathnaíodh Cláir Parents Plus leis an maoiniú seo trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh ar fud Mheán-Iarthar na hÉireann, lena n-áiríodh tacaíochtaí Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta (NEAH) agus cúrsaí 'Tuismitheoireacht i gCás Scartha' a sholáthar. Bhain beagnach 5,000 tuismitheoir agus leanbh tairbhe as na cláir. Bíonn ceangal níos fearr eatarthu agus bíonn siad in ann fadhbanna a réiteach níos fearr mar aonad dá bharr. Bhí tionchar níos mó ag an maoiniú seo ná ar sheirbhísí díreacha amháin: chuidigh infheictheacht agus torthaí cruthaithe na hoibre seo le Parents Plus comhaontú maoinithe leanúnach suntasach a dhéanamh le FSS, a thabharfaidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach dóibh.

## Spraoi agus Spórt €300K bronnta

### Forbraíodh Mol Leanaí agus Teaghlaigh saintógtha in Inis Eoghain

Freastalaíonn Spraoi agus Spórt ar riachtanais phobal leithinis Inis Eoghain. Cuirtear gníomhaíochtaí inacmhainne agus cuimsitheacha ar fáil lena n-áirítear grúpaí tuismitheoirí agus leanaí óga, gníomhaíochtaí iarscoile agus saoire, clubanna óige, mol do dhéantóirí cruthaitheacha agus saotharlann dhigiteach. Chuir an Mol Leanaí agus Teaghlaigh saintógtha ar chumas Spraoi agus Spórt tuilleadh spáis a aimsiú agus cláir a leathnú do theaghlaigh ar fud na leithinse tuaithe seo. Tá an fhorbairt ag dul chun cinn i gcónaí, agus tá Spraoi agus Spórt fós ina spás ríthábhachtach don chruthaitheacht, don cheangal, agus don spraoi i gceann de na ceantair is iargúlta in Éirinn.

## Baboró na Gaillimhe Féile Idirnáisiúnta Ealaíon do Leanaí €370K bronnta

(250K in 2021 agus 120K in 2023)

### Rochtain ar na healaíona do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu

Mar phríomhfhéile ealaíon na hÉireann do leanaí agus do dhaoine óga, bhain Baboró leas as an tacaíocht chlaochlaitheach seo chun clár na féile a leathnú agus gnéithe úra a thabhairt isteach—lena ndearnadh cinnte go mbeadh leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu in ann páirt a ghlacadh i gcumhacht chlaochlaithe na n-ealaíon agus in áthas agus iontas comhroinnte na féile. Chomh maith le clár na féile a chur ar fáil do scoileanna speisialta, thacaigh an deontas le healaíontóirí a oibríonn le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Forbraíodh acmhainn chleachtóirí ar fud na hearnála ionas go bhféadfadh níos mó leanaí tairbhe a bhaint as na healaíona.

## Crosscare
## €120K bronnta

Forbairt a dhéanamh ar an tsamhail Foodbank Plus.
Tacaíonn Crosscare le teaghlaigh atá thíos leis an mbochtaineacht trí sheirbhísí bia agus seirbhísí do dhaoine gan dídean, comhairleoireacht, oideachas, oiliúint agus seirbhísí óige a chur ar fáil. Chuir an deontas seo ar chumas Crosscare an tseirbhís a aistriú ó Bhanc Bia freagrúil go dtí seirbhís iomlánaíoch do dhaoine aonair agus do theaghlaigh thar réimse riachtanas. Thacaigh an maoiniú le taighde agus le pleanáil le haghaidh cur chuige nua Ollmhargadh Sóisialta, ag tarraingt ar shamhlacha ón mBreatain agus ó Thuaisceart Éireann. Chabhraigh próifíl na hAchainí le Crosscare infheistíocht bhreise a aimsiú chun an tsamhail leathnaithe seo a chur i bhfeidhm.

## Fondúireacht CARI
## €120K bronnta

Tacaíocht theiripeach bunaithe ar thráma do dhéagóirí a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach.
Is saincheist í mí-úsáid ghnéasach leanaí a dtugann CARI ('Children at Risk Ireland') aghaidh uirthi gach lá. Tá liosta fada feithimh ag CARI faoi láthair de leanaí agus daoine óga a bhfuil idirghabháil theiripeach ag teastáil uathu. Tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh daoine óga an tacaíocht atá uathu chun cabhrú leo cneasú. Chuidigh deontas an RTÉ Toy Show Appeal le CARI an soláthar a leathnú agus grúpaí tacaíochta do dhéagóirí agus do thuismitheoirí/cúramóirí a chur ar fáil i gCúige Laighean agus i gCúige Mumhan, ag cinntiú gur féidir le daoine óga a tháinig slán ó mhí-úsáid ghnéasach rochtain a fháil ar thacaíocht leighis níos luaithe. Measadh go raibh ardú feasachta ar CARI mar gheall ar an RTÉ Toy Show Appeal thar a bheith luachmhar. D'ardaigh sé próifíl na heagraíochta i measc gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí eile.

## Community Law & Mediation (CLM)
## € 120K bronnta

(Bronnadh €85K ó an RTÉ Toy Show Appeal agus €35K ó dheontóir CFI)

An chéad Ionad Dlí Leanaí in Éirinn a reáchtáil ar bhonn píolótach.
Cuireann CLM seirbhísí dlí, idirghabhála agus oideachais ar fáil saor in aisce do dhuine ar bith nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar na seirbhísí sin mar gheall ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch, sóisialta nó eile. Leis an deontas seo, cuireadh clinicí tiomnaithe comhairle dlí saor in aisce ar fáil ar bhonn píolótach do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi chúram, faoi iarchúram nó a bhfuil taithí acu le cúram. Bhain beagnach 200 duine óg tairbhe as na clinicí. Trí sheirbhís thiomnaithe do leanaí a chur ar fáil, bíonn iarracht spriocdhírithe i gceist agus cuireann sé ar chumas daoine óga treoir a thabhairt go díreach do dhearadh seirbhísí, rud a chinntíonn go bhfreastalaíonn an tacaíocht ar a gcuid riachtanas mar is cuí.

## Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí
## €120K bronnta

(Bronnadh €40K ó an RTÉ Toy Show Appeal agus €80K ó dheontóir CFI)

An tSeirbhís Meabhairshláinte 'Travelling to Well-Being'
Is eagraíocht forbartha pobail faoi stiúir an lucht siúil í Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí atá ag obair ar sheirbhísí meabhairshláinte a sholáthar don lucht siúil in Uíbh Fhailí ó 2013. Is seirbhís riachtanach í Seirbhís Meabhairshláinte OTM ós rud é go dtugann staitisticí le fios go bhfuil rátaí féinmharaithe i measc daoine den Lucht Siúil sé huaire níos airde ná an ráta i measc an phobail shocraithe in Éirinn. Is seirbhís meabhairshláinte í a bhíonn á reáchtáil ag piaraí. Tá sí inrochtana don phobal ar fad, agus tá sí oiriúnach ó thaobh cultúir de. Mar thoradh ar an Deontas Claochlaitheach, leathnaigh OTM a seirbhís chuig Contae Laoise agus fuair 68 duine den Lucht Siúil tacaíocht meabhairshláinte dá bharr. Tríd an obair seo tá Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí ag dul i ngleic leis an stiogma maidir le cúnamh a lorg.



# Léargas ar Athruithe Saoil

Thar chúig bliana, tá réimse leathan torthaí tuairiscithe ag na heagraíochtaí ar tugadh maoiniú dóibh i dtaobh na leanaí agus na teaghlaigh a mbíonn siad ag freastal orthu. Ní liosta uileghabhálach é an méid seo a leanas - ach is léargas é ar na cineálacha athruithe atá ag tarlú mar thoradh ar na deontais. Tagann na samplaí seo ó thuairiscí deontaí, cás-staidéir, agus comhráite leis na heagraíochtaí atá i mbun na hoibre. Tugann siad léargas dúinn ar an méid gur féidir a bhaint amach nuair a fhaigheann leanaí an tacaíocht a theastaíonn uathu.

## Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanas

- Chuaigh maoiniú de níos mó ná **€600K** isteach in 11 bhanc bia a bhunú agus a choinneáil ag imeacht. Ar an meán, thug sé seo tacaíocht do **13,000** leanbh agus a dteaghlaigh gach bliain.
- Tá treoirthionscadal i gcomhar le Hygiene Hub, a forbraíodh le maoiniú ón Achainí, anois ag cur táirgí sláinteachais ar fáil do **30,000** duine nach mbeadh teacht acu ar a leithéid murach an tionscadal.
- Le ceithre bliana anuas, tháinig 80,000 teifeach go hÉirinn ón Úcráin. Chuidigh maoiniú an RTÉ Toy Show Appeal le hiarrachtaí chun cabhrú leis na daoine seo socrú isteach ina bpobail nua. Bhain **2,600** leanbh ón Úcráin agus leanaí eile in Éirinn ar chomhaois leo tairbhe as clubanna iarscoile, comhairleoireacht, campaí samhraidh agus cláir chruthaitheacha mar thoradh ar mhaoiniú deontais.
- Chuaigh maoiniú **€1.6M** i bPoblacht na hÉireann agus **£65K** i dTuaisceart Éireann i dtreo 57 tionscadal a thacaíonn le riachtanais oideachais; ó sholáthar ábhar scoile go cláir chun luathfhágáil na scoile a chosc. Tacaíonn an maoiniú seo le 30,000 leanbh ar an meán gach bliain.

**Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais - Tionchar na hOibre i bhFocail na nDaoine Féin...**

"Is cuimhin liom an chéad lá a chuaigh mé go dtí an banc bia pobail, bhí náire an domhain orm... Bhí an fhoireann chomh cairdiúil agus cabhrach...Ní éireodh liom murach an tacaíocht seo. Freastalaím ar ranganna Béarla san ionad anois freisin, agus tá cairde nua déanta agam."

*Úsáideoir Seirbhíse, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chlár Chlainne Mhuiris*

"Fuair teaghlaigh agus leanaí a bhfuil cónaí orthu faoin tuath bia domheata ardchaighdeáin agus soláthairtí scoile ionas go bhféadfaidís a mbunriachtanais a chomhlíonadh. Bhí na daoine a bhaineann tairbhe as na táirgí inár mbanc bia in ann leanúint ar aghaidh á dhéanamh sin, agus soláthairtí bia agus scoile agus tacaíochtaí iomlánaíocha teaghlaigh a fháil chomh maith."

*Oibrí Deonach, Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Ospidéil*



## Sláinte agus Folláine

Is féidir le breoiteacht, míchumas agus méala dul i bhfeidhm ar dhuine ag aois ar bith, ach i gcás leanaí, d'fhéadfadh na heispéiris seo a bheith thar a bheith dúshlánach agus trámach. Aithníonn an RTÉ Toy Show Appeal go bhfuil tacaíocht thráthúil, atruach, agus leanbh-dhírithe riachtanach chun cabhrú le leanaí bealach a dhéanamh trí na dúshláin seo. Trí réimse leathan seirbhísí teiripeacha, leighis agus folláine mhothúchánach a mhaoiniú, cinntíonn an Achainí nach mbíonn leanaí agus a dteaghlaigh ina n-aonar le linn cuid de na tréimhsí is deacra ina saol.

- Tá **€5.5milliún** curtha ar fáil ag an RTÉ Toy Show Appeal i **bPoblacht na hÉireann agus £450K i dTuaisceart Éireann** do charthanais a thacaíonn le leanaí a bhfuil ailse orthu, a fuair gortú inchinne, a bhfuil riochtaí ainsealacha ag gabháil dóibh, agus eile.
- Deonaíodh **€6.5 mhilliún** i bPoblacht na hÉireann agus **£775K** i dTuaisceart Éireann chun tacaíochtaí meabhairshláinte a sholáthar, rud a chinntíonn gur féidir le leanaí agus daoine óga rochtain a fháil ar na tacaíochtaí teiripeacha a theastaíonn uathu.
- Ar cheann de roinnt tionscadal a maoiníodh, tá Leanaí in Ospidéal Éireann **ag soláthar teiripe súgartha do 60 leanbh atá san ospidéal go fadtéarmach** a bhuí le maoiniú an RTÉ Toy Show Appeal. Cuireann na seisiúin seo, agus seisiúin iomadúla eile cosúil leo, níos mó ná caitheamh aimsire ar fáil—cuireann siad tacaíocht mhothúchánach ar fáil, laghdaíonn siad imní, agus cabhraíonn siad le leanaí a n-eispéiris a phróiseáil trí shúgradh. Cuirtear oiliúint ar oibrithe deonacha chun leanaí a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí fiúntacha atá dírithe ar leanaí a thugann compord agus áthas dóibh le linn tréimhsí fada a chaitheamh san ospidéal, agus **tugtar faoiseamh agus suaimhneas do theaghlaigh ag an am céanna**.
- **Tá comhairleoireacht mhéala faighte ag níos mó ná 700 leanbh agus tuismitheoir** trí Barnardo's, a bhuí le maoiniú deontais ón RTÉ Toy Show Appeal. Is féidir le tacaíochtaí méala Barnardo cabhrú le leanaí bás a thuiscint, brón a dhéanamh, agus tosú ag cneasú.

## Léargas ar Thionchar Teicneolaíocht Chúnta Chumas Éireann €40,000 bronnta

Thug tionscadal Leabharlann Iasachtaí Teicneolaíochta Cúnta (TC) Chumas Éireann, le tacaíocht ón RTÉ Toy Show Appeal, aghaidh ar bhearna ríthábhachtach maidir le rochtain ar ghléasanna tacaíochta cumarsáide agus litearthachta do leanaí faoi mhíchumas.

Is minic a bhíonn leanaí faoi mhíchumas fisiceach, céadfach agus intleachtúil ag brath ar Chumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (AAC) chun cumarsáid a dhéanamh agus chun bheith ag foghlaim. Bíodh sin mar atá, cruthaíonn costais arda, amanna fada feithimh, agus easpa deiseanna do thrialacha bacainní suntasacha ar rochtain.

Ligeann Leabharlann Iasachtaí TC Chumas Éireann do leanaí agus do theaghlaigh fearais chúnta a thriail sula gcuireann siad de cheangal orthu féin fearas a cheannach nó iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú - leis seo, déantar cinnte go bhfaigheann gach leanbh an teicneolaíocht is oiriúnaí dá riachtanais. Mar thoradh air seo, tá rochtain ag 800 leanbh agus duine óg ar fud na hÉireann ar uirlisí cumarsáide anois a chothaíonn neamhspleáchas, féinmhuinín, agus rannpháirtíocht san oideachais.

Is sampla amháin é an tionscadal seo i measc go leor eile a mhaoinigh an Achainí le cúig bliana anuas, a léiríonn an tslí go gcuireann maoiniú tionchair spriocdhírithe, nuálach deireadh le bacainní, agus gur féidir athrú buan a bhaint amach dá bharr.

**Folláine a Fheabhsú - Tionchar na hOibre i bhFocail na nDaoine Féin...**

“Sula ndeachaigh sí isteach sa chlár, bhí frustrachas ar Emily toisc nach raibh sí in ann cumarsáid a dhéanamh ná coinneáil suas lena bpiaraí. Anois, is geall le páiste eile ar fad í. Rinne sí a céad chara ag na seisiúin ghrúpa go fiú. Ní hamháin gur chuidigh an clár le Emily, d’athraigh sé an saol don teaghlach ar fad."

*Tuismitheoir, Ionad Siondróm Down*

“Sílim i ndáiríre go bhfuil seirbhís iontach á soláthar agaibh do theaghlaigh atá ar aistear den sórt seo. Tá sé iontach gur féidir linn an chomhairle agus an tacaíocht a fháil a chabhróidh lenár bpáistí teacht faoi bhláth, agus a bheith sásta iontu féin. Níl uaim ach go mbeidh mo pháiste ar a suaimhneas leis féin agus sásta ina shaol féin."

*Tuismitheoir, Seirbhísí Óige Belong To*

- Tá breis is **€5 mhilliún** curtha ar fáil ag an RTÉ Toy Show Appeal ó 2020 i leith do charthanais leanaí a chuireann cláir chruthaitheacha agus shúgartha chun cinn. Cuimsíonn na cláir seo na healaíona, an ceol, an drámaíocht, an scéalaíocht agus spásanna súgartha cuimsitheacha - agus is cuid ríthábhachtach iad den tslí a bhforbraíonn leanaí. Cuidíonn an léiriú cruthaitheach le sláinte mheabhrach, le hathléimneacht, le muinín agus le rialáil mhothúchánach a fheabhsú, chomh maith.
- **Mar thoradh ar mhaoiniú an RTÉ Toy Show Appeal, bhí teacht ag 190,000** leanbh ar chláir ealaíon, cheoil, drámaíochta, agus scéalaíochta agus scríbhneoireachta. Áiríodh leis sin daoine óga faoi mhíchumas, leanaí a bhfuil tinnis ainsealacha ag gabháil dóibh agus iad siúd a bhfuil bacainní airgeadais rompu.

# Léargas ar Thionchar: Tionscadail Circusful €70K bronnta

Oibríonn Circusful chun iontas agus spraoi an tsorcais a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga, go háirithe iad siúd nach raibh in ann rochtain a fháil ar na buntáistí fisiciúla, mothúchánacha agus sóisialta a bhaineann leis an sorcas mar thoradh ar mhíbhuntáiste.

Bhain Circusful leas as maoiniú an RTÉ Toy Show Appeal chun ceardlanna scileanna sorcais a chur ar fáil do 430 leanbh agus duine óg ar fud Thuaisceart Éireann, lena n-áiríodh iad siúd ó cheantair thuaithe, leanaí faoi mhíchumais foghlama, agus leanaí a bhfuil taithí chúraim acu. Chuaigh an eagraíocht i gcomhpháirtíocht le scoileanna speisialta agus le grúpaí pobail agus deonacha chun rannpháirtíocht i measc pobail nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu a mhéadú.

Bhí tionchar suntasach ag baint leis an gclár, agus roinnt daoine óga i gceantair thuaithe ag glacadh páirt sna healaíona agus sa sorcas den chéad uair. Rinne daoine óga faoi mhíchumas foghlama naisc nua le piaraí agus chuir siad muinín as an nua ina gcolainn féin. Thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh féinmheas agus muinín fheabhsaithe, folláine fhisiciúil agus mheabhrach níos fearr acu, go ndearna siad cairde nua, agus go raibh teacht aniar chun leanúint ar aghaidh nuair a bhíonn dúshláin rompu, mar thoradh ar na ceardlanna. Chomh maith leis sin, chuidigh an clár le forbairt acmhainní i measc oiliúnóirí i dtaobh a bheith ag obair le leanaí a bhfuil riachtanais éagsúla acu..

**Cruthaitheacht & Súgradh - Tionchar na hOibre i bhFocail na nDaoine Féin...**

Ní raibh mé in ann an t-athrú a tháinig ar na páistí ina dhiaidh a chreidiúint. Bhain siad an oiread tairbhe as. Bhí teiripe shaothair, corpoideachas, forbairt phearsanta agus muinín i measc ghnéithe na gceardlann a ndeachaigh chun tairbhe dóibh... is fada linn go mbeidh seisiún na seachtaine seo chugainn ar siúl!"

*Múinteoir i Scoil Speisialta, ag labhairt faoi cheardlanna Circusful*

“Chuir an tionscadal timpeallacht iontach, shábháilte, spraíúil, chruthaitheach ar fáil do mo mhac chun a chuid scileanna sóisialta a fhorbairt, a chuid muiníne a chothú, chun bheith cruthaitheach agus teagmháil a bheith aige le daoine óga eile go sábháilte”.

*Tuismitheoir, Cumann Náisiúnta Dhrámaíocht na nÓg*

Thaitin sé go mór liom a bheith mar chuid den ghrúpa amhránaíochta seo i mo scoil. Chuir sé áthas orm go raibh mo chairde ag canadh i mo theanga agus gur éirigh liomsa níos mó Béarla a fhoghlaim tríd an amhránaíocht. Tá a fhios agam gur chuir sé áthas ar mo mháthair mé a fheiceáil ag canadh in éineacht le mo chairde nua.”

*Adam, 8, ón Nigéir, Sing Ireland*

“Bhí teiripe súgartha go maith. Thaitin sé liom go raibh duine agam chun labhairt leo & ficheall a imirt leo. Chabhraigh sí liom a bheith compordach ionam féin agus chuir sí in iúl dom gur leor mé mar atá mé.”

*Úsáideoir Seirbhíse, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Átha Í*

# Cuid 3
# An Chaoi a Bhfuil Saol Daoine á Athrú le Deontais in 2025



# An Chaoi a Bhfuil Saol Daoine á Athrú le Deontais in 2025

Anuas ar rath na mblianta roimhe sin, thacaigh an RTÉ Toy Show Appeal le tionscnaimh uile-oileáin in 2025, ag cuidiú le leanaí a bhí thíos le bochtaineacht, le breoiteacht, le míchumas, idirdhealú agus géarchéimeanna. Léiríonn na sonraí thíos an tslí ar chuidigh cistí an RTÉ Toy Show Appeal le deimhneacht i dtaca le soláthar bia, tacaíocht mheabhairshláinte, deiseanna oideachais agus dóchas a chur ar fáil.

## Sracfhéachaint ar 2025

Is ó na cistí a bailíodh mar chuid de RTÉ Toy Show Appeal 2024 a dámhadh deontais 2025.

**Léargas Uile-Oileáin**

## 169 deontas a chuidigh le 1M+ leanbh ar fud na hÉireann

| | Deontas |
|---|---|
| Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais | 49 |
| Folláine a Fheabhsú | 87 |
| Cruthaitheacht & Súgradh | 29 |

Bronnadh 4 dheontas chlaochlaitheacha in 2025, ar luach €515,000 san iomlán

**Miondealú ar dheontais Phoblacht na hÉireann**

## 149 deontas, €4.54M san iomlán

| | Deontas | Bronnta |
|---|---|---|
| Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais | 43 | € 1,256,400.00 |
| Folláine a Fheabhsú | 79 | €2,131,600.00 |
| Cruthaitheacht & Súgradh | 23 | €641,900.00 |

**Miondealú ar Dheontais Thuaisceart Éireann**

## 20 deontas i dTÉ agus £327K bronnta

| | Deontas | Bronnta |
|---|---|---|
| Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais | 6 | £84,884.00 |
| Folláine a Fheabhsú | 8 | £128,913.00 |
| Cruthaitheacht & Súgradh | 6 | £113,432.56 |

# Deontais Chlaoch-laitheacha a Bronnadh in 2025

Bronnadh maoiniú claochlaitheach ar luach €515,000 ar cheithre eagraíocht in 2025—infheistíochtaí a dearadh chun athrú sistéamach a bhaint amach do na leanaí is leochailí in Éirinn. Chuidigh an maoiniú le heagraíochtaí chun dul i ngleic le cuid de na dúshláin is casta atá roimh leanaí sa lá atá inniu ann — ó dhrochíde sa teaghlach agus meabhairshláinte go cuimsiú míchumais agus cúram maolaitheach. Is léiriú iad na deontais seo ar an méid gur féidir a bhaint amach nuair a chuirtear acmhainní ar fáil do réitigh uaillmhianacha, phobal-bhunaithe.

## Cúnamh do Mhná An Tionscadal 'Too Into You' €95,000 bronnta

**An tSlí a bhfuil an Deontas seo Claochlaitheach**
Téann an deontas seo i ngleic le mí-úsáid i ndlúthchaidreamh go luath—sula dtéann patrúin dhíobhálacha i dtreis. Trí fheasacht a ardú i measc daoine óga agus na ngairmithe a thacaíonn leo, cruthaítear tionchar cuilitheach lena bhféadfaí an chaoi a bhfreagraíonn muintir na hÉireann do mhí-úsáid i measc na n-óg a athrú.

Mar thoradh ar mhaoiniú an RTÉ Toy Show Appeal, beidh sé ar chumas an tionscadail 'Too Into You' leathnú agus teacht ar na daoine óga is mó atá i mbaol, go háirithe iad siúd ó phobail imeallaithe a chailltear go minic le gnáthiarrachtaí coisctheacha.

**An Géarghá**
Freastalaíonn an tionscadal seo ar bhearna san oideachas agus i dtacaíochtaí don aos óg. Cabhraíonn sé le daoine óga chun mí-úsáid a aithint, labhairt fúithi, agus gníomhú ina coinne - agus cuireann sé athrú cultúir chun cinn ó thaobh comhionannas inscne de.

**An Méid a Chumasóidh an Deontas**

- Modúl agus foireann uirlisí oiliúna creidiúnaithe, cleachtasbhunaithe a fhorbairt d'oibrithe óige, do mhúinteoirí, agus do dhaoine eile a bhíonn ag obair le daoine óga
- Sraith físeán a chruthú a mbeidh daoine óga ó chúlraí éagsúla páirteach ann. Cinnteoidh sé seo go bhfeicfidh daoine óga ó mhionlaigh eitneacha, ón bpobal LADTAI+, agus ó phobail faoi mhíchumas daoine cosúil leo féin á léiriú, agus go mbeidh rochtain acu ar thacaíocht ábhartha.
- Ceannaire Rannpháirtíochta Guthanna Éagsúla a Earcú chun ceardlanna a sheachadadh le daoine óga ó phobail imeallaithe.
- Tuiscint ar neamhionannas inscne, ar an difríocht idir caidrimh shláintiúla agus mhíshláintiúla a mhéadú go mór, agus daoine óga a chumasú chun tacaíocht a lorg, teorainneacha a chur i bhfeidhm, agus tacú lena bpiaraí.

**An Tionchar**
Cuideoidh an tionscadal seo le timthriall na mí-úsáide i ndlúthchaidreamh a bhriseadh sula dtosóidh sé agus cruthóidh sin caidrimh níos sábháilte don chéad ghlúin eile. Trí theagmháil a dhéanamh le daoine óga imeallaithe nach dtagann i gceist faoin obair choisctheachta, agus trí oiliúint a chur ar na daoine fásta a bhíonn ag tacú leo, is oibriú i dtreo ghluaiseacht náisiúnta, inar féidir le daoine óga mí-úsáid a aithint, labhairt amach agus cultúr atá fréamhaithe sa chomhionannas agus sa mheas a chothú.



"Tá taithí 50 bliain ag Cúnamh do Mhná ag tacú le mná a d'fhulaing le drochíde sa teaghlach. Is ardtosaíocht dúinn dlús a chur leis an dul chun cinn lena gcinnteofar nach bhfaighidh na glúnta atá le teacht drochíde ó dhaoine a bhfuil dlúthchaidreamh acu leo. Bainfear é seo amach le meascán de chosc príomhúil chun tacú le caidrimh shláintiúla, agus de chosc tánaisteach chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine sa chás go bhfuil dochar déanta cheana féin.

Tacóidh an deontas flaithiúil seo linn ár dtionscadal uathúil 'Too Into You' a leathnú agus a thabhairt chuig a thuilleadh pobal óige imeallaithe. Tabharfaimid uirlisí dóibh chun mí-úsáid a aithint agus chun bealach a dhéanamh tríthi agus, ag an am céanna, cuideoidh an deontas linn acmhainn oideachasóirí agus ceannairí óige a fhorbairt maidir le dea-chleachtais chun tacú le daoine óga teacht faoi bhláth."

*Sarah Benson, POF, Cúnamh do Mhná*


Saoirse

# Deontas Claochlaitheach Shaoirse Ruane

Cruthaíodh deontas nua, Deontas Claochlaitheach Shaoirse Ruane, i ndilchuimhne ar Shaoirse agus ar an tionchar as cuimse a bhí aici ar go leor daoine. Leis an deontas seo, cuimhneofar ar mhisneach agus ar fhlaithiúlacht Shaoirse agus tacóidh a hoidhreacht le teaghlaigh atá i ngátar.

# Fondúireacht Leanaí Jack and Jill Tionscadal Sínidh Aoise chuig Seacht mBliana €140K bronnta

**An tSlí a bhfuil an Deontas seo Claochlaitheach**

Thacaigh Jack agus Jill le 539 teaghlach in 2024, ach chuirtí stop leis an soláthar cúraim nuair a bhainfeadh leanaí sé bliana d'aois amach—rud a d'fhágadh teaghlaigh gan tacaíocht le linn tréimhse leochaileach. Ainmnithe in ómós do Shaoirse Ruane, feabhsaíonn an deontas seo na féidearthachtaí do theaghlaigh atá ag tabhairt aire do leanaí a bhfuil riachtanais chasta leighis acu sa bhaile trí na critéir aoise a leathnú ó shé bliana go seacht mbliana. Anuas ar na 65 teaghlach a dtacaítear leo go díreach, neartaíonn an deontas seo an tsamhail "Pobal Cúraim" atá i bhfeidhm ag Jack and Jill, ina mbíonn toradh cuilitheach ag altraí oilte agus lena bhfeabhsaítear caighdeáin chúraim ar fud na tíre. Léiríonn sé seo an tslí gur féidir le leathnú straitéiseach ar sheirbhís chruthaithe faoiseamh teaghlaigh a sheachadadh láithreach, agus feabhsú sistéamach a sheachadadh go fadtéarmach.

**An Géarghá**

Tacaíonn Jack agus Jill le leanaí a bhfuil riachtanais chasta leighis acu, lena n-áirítear cúram deireadh saoil, beag beann ar dhiagnóis. In 2024, thacaigh an carthanas le 539 teaghlach, agus soláthraíodh os cionn 129,000 uair an chloig de chúram. Bíodh sin mar atá, chuirtí stop tobann le tacaíochtaí do theaghlaigh roimhe seo nuair a bhaineadh leanaí sé bliana d'aois amach—am criticiúil nuair a theastaíonn tacaíocht go géar ó leanaí fós, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh seirbhísí foirmiúla i bhfeidhm go fóill. D'fhág an bhearna seo teaghlaigh gan an "lámh tharrthála" a mbídís ag brath uirthi roimhe sin.

**An Méid a Chumasóidh an Deontas**

I mí an Mheithimh 2025, mar thoradh díreach ar Dheontas Claochlaitheach Saoirse Ruane, leathnaigh Jack and Jill a chritéir aoise chun leanaí suas le seacht mbliana d'aois a chur san áireamh. Amhail Meán Fómhair 2025, is cuid bhuan den tseirbhís é an síneadh aoise, agus tá an méid seo a leanas á gcumasú dá bharr:

- **Leanúnachas cúraim:** Faigheann 65 teaghlach suas le 20 uair an chloig breise de chúram in aghaidh na míosa anois, ionas nach gcuirtear isteach ar theaghlaigh le linn tréimhse leochaileach.
- **15,600 uair an chloig breise** Idir Meitheamh 2025 agus Meitheamh 2026, déanfar thart ar 15,600 uair an chloig de chúram breise a sholáthar.
- **Cúram teaghlaigh cumasaithe:** Cuireann dea-chaidrimh idir altraí agus teaghlaigh ar chumas tuismitheoirí cúram leighis casta a bhainistiú go muiníneach sa bhaile, lena n-áirítear cógas a thabhairt, aerphasáistí a ghlanadh, agus beathú le feadán.
- **Toradh cuilitheach:** Cuireann croífhoireann altranais Jack and Jill oiliúint ar altraí pobail áitiúla agus tacaíonn siad le cláir féinchúraim teaghlaigh. Feabhsaíonn sé seo caighdeáin chúraim ar fud na hÉireann..

**An Tionchar**

Tugann tuismitheoirí "líne tharrthála" nó "bronntanas ama" ar sheirbhís Jack and Jill. Freastalaíonn an síneadh go dtí seacht mbliana d'aois ar éileamh méadaitheach agus soláthraíonn sé cobhsaíocht do theaghlaigh nuair a bhíonn sí ag teastáil go géar uathu. Is léiriú í an tsamhail "Pobal Cúraim" pobalbhunaithe—lena gcinntíonn tacaíocht agus flaithiúlacht ar leibhéal áitiúil go bhfaigheann leanaí cúram ríthábhachtach sa bhaile—ar chroí-mhisean Jack and Jill: an leanbh agus an teaghlach a choinneáil i gcroílár an chúraim go léir. Cinntíonn an maoiniú claochlaitheach seo go mbeidh rochtain fós ag teaghlaigh ar fud na hÉireann ar shainchúram, atruach.



"Tá Deontas Claochlaitheach Shaoirse Ruane claochlaitheach i ndáiríre – is cor cinniúnach é do 65 teaghlach i bpobail ar fud na hÉireann a fhaigheann tacaíocht ó Jack and Jill. Soláthrófar thart ar 15,600 uair an chloig de chúram breise idir Meitheamh 2025 agus Meitheamh 2026 mar thoradh ar an deontas seo, rud a chuirfidh ar ár gcumas ár seirbhís a leathnú go dtí leanaí seacht mbliana d'aois. Chuaigh sé go croí ionam na teachtaireachtaí buíochais ó chúramóirí tuismitheoirí a léamh; iad ag insint dúinn faoin difríocht fhiúntach a dhéanfaidh an bhliain bhreise tacaíochta seo ó Jack and Jill dá dteaghlach. Thar ceann Jack and Jill, an Bhoird agus ár dteaghlaigh iontacha, ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le Roseanna, le Ollie agus le The Community Foundation as Jack and Jill a ainmniú don deis fhíor-iontach seo."

*Deirdre Walsh, POF, Fondúireacht Leanaí Jack and Jill*

# Exchange House Ireland Seirbhís Náisiúnta an Lucht Siúil An Tionscadal 'Thriving Together' €140,000 bronnta

### An tSlí a bhfuil an Deontas seo Claochlaitheach

Tugann an deontas seo aghaidh ar chroí na ceiste ó thaobh na géarchéime meabhairshláinte trí phobal an Lucht Siúil a chur i gcroílár dhearadh agus sheachadadh na seirbhíse araon. Seachas réitigh sheachtracha a chur i bhfeidhm, cuireann sé le bunbhuanna an phobail—athléimneacht, dlúthcheangail teaghlaigh agus féiniúlacht chultúir—chun athrú inbhuanaithe a bhaint amach. Trí fhórsa saothair piarthreoraithe a fhorbairt agus conairí cúraim atá sábháilte ó thaobh cultúir de a bhunú, bíonn tionchar láithreach ag an tionscnamh seo, agus cuideoidh sé le claochlú sistéamach fadtéarmach a bhaint amach freisin, sa tslí a dtabharfaidh muintir na hÉireann aghaidh ar shaincheisteanna meabhairshláinte i measc phobal an Lucht Siúil agus sna hiarrachtaí a dhéanfar chun féinmharú a chosc i measc an phobail chéanna.

### An Géarghá

Il mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh Exchange House Ireland torthaí ó Thuarascáil Chomhtháirgthe ar Mheabhairshláinte na nÓg i measc an Lucht Siúil. Nochtar géarchéim chriticiúil mheabhairshláinte i measc óige an Lucht Siúil sa tuarascáil seo, a fuair maoiniú ón RTÉ Toy Show Appeal. Bíonn pobal an Lucht Siúil thíos le rátaí arda féinmharaithe, le hidirdhealú sistéamach, agus le drochrochtain ar sheirbhísí atá oiriúnach ó thaobh cultúir de—bíonn na fadhbanna seo níos measa mar thoradh ar eisiamh san oideachas agus san fhostaíocht, agus de bharr brú sóisialta atá fréamhaithe go domhain sa phobal.

### An Méid a Chumasóidh an Deontas

Tá struchtúr Thriving Together bunaithe ar thrí phríomhcholún: Cabhair a Lorg, Muinín a Chothú, agus Dóchas don Todhchaí. Tá an clár bunaithe ar inniúlacht chultúrtha agus ar chomhtháirgeadh. Áirítear na céimeanna seo a leanas i measc chuid a haon den chlár:

- **Acmhainn piaraí a fhorbairt:** Comhordaitheoir Tionscadail, Ceannaire Cliniciúil, agus seisear Áisitheoirí Meabhairshláinte Piaraí a Earcú a sholáthróidh tacaíochtaí meabhairshláinte bunaithe ar thráma ar fud trí réigiún in Éirinn.
- **Oiliúint idirghabhála géarchéime:** Oiliúint a chur ar fáil do dhaoine óga agus do thuismitheoirí araon chun stiogma a laghdú, athléimneacht a fhorbairt, agus líonraí tacaíochta inbhuanaithe a bhunú.
- **Inbhuanaitheacht fhadtéarmach a bhaint amach:** Mar thoradh ar mhaoiniú an RTÉ Toy Show Appeal, ceadaíodh moladh a chuir Exchange House faoi bhráid Sheirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte FSS. Tháinig samhail chómhaoinithe uaidh seo a gheobhaidh maoiniú iomlán ar feadh dhá bhliain, agus d'fhéadfaí maoiniú ilbhliantúil a chur leis amach anseo.

### An Tionchar

Mar thoradh air seo, beidh rochtain níos luaithe ag teaghlaigh den Lucht Siúil ar thacaíocht mheabhairshláinte iontaofa, pobalbhunaithe agus ar chonairí feabhsaithe chun cúraim. Ar leibhéal sistéamach, tógann an clár bonneagar a dhúnann bearnaí idir pobal an Lucht Siúil agus seirbhísí sláinte príomhshrutha, agus cuirtear spriocanna náisiúnta cothromais agus cuimsitheachta chun cinn. Leis an ngrúpa stiúrtha náisiúnta, le modhanna comhtháirgthe, agus le fórsa saothair piaraí a fhorbairt, cruthaíonn an tionscnamh seo athrú buan a rachaidh chun tairbhe do na glúnta atá le teacht.



"Ní hamháin go bhfuil an maoiniú seo ó Achainí Sheó Bréagán RTÉ agus ó Fhondúireacht Phobail Éireann ag tacú leis an gclár, tá sé ag cuidiú linn bealach nua a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna meabhairshláinte, agus chun féinmharú a chosc i measc phobal an Lucht Siúil. Le ceannaireacht phobail, le tacaíocht piaraí, agus le cúram atá sábháilte ó thaobh cultúir de a sholáthar, tá athrú buan á chruthú againn d'óige an Lucht Siúil agus dá dteaghlaigh."

*Kerry Cuskelly, POF, Exchange House Ireland Seirbhís Náisiúnta an Lucht Siúil*

# The Crann Centre Clár Caipitil Shóisialta €140,000 bronnta

**An tSlí a bhfuil an Deontas seo Claochlaitheach**
Cabhraíonn an deontas seo le leanaí faoi mhíchumas agus lena dteaghlaigh rochtain a fháil ar na seirbhísí súgartha agus áineasa atá riachtanach don fholláine. Cruthaíonn samhail Crann go bhfeabhsaíonn cúram atá dírithe ar an teaghlach saol na ndaoine agus go sábhálann sé airgead. Leis an maoiniú dhá bhliain seo, tabharfar an mhuinín agus an chobhsaíocht atá ag teastáil ó The Crann Centre dóibh chun samhail atá bunaithe ar fhianaise a mhéadú. Mar thoradh air sin, beidh eagraíochtaí eile in ann foghlaim ón tsamhail chéanna agus í a athchruthú.

**An Géarghá**
Is minic nach mbíonn deis ag leanaí faoi mhíchumas néarafisiceach agus ag a dteaghlaigh páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí súgartha, fóillíochta agus sóisialta atá riachtanach don fhorbairt agus don fholláine. Mar thoradh ar chlóis súgartha, ar sheomraí folctha agus ar láithreacha páirceála nach bhfuil inrochtana go leor ó thaobh bonneagair de, fágtar na leanaí seo amach as bheith ag plé le piaraí, ó bheith ag baint taitnimh as an dúlra, agus ó am pléisiúrtha a chaitheamh lena dteaghlaigh.

**An Méid a Chumasóidh an Deontas**

- **Rath cruthaithe a chothú agus cur leis:** Tá méadú suntasach tagtha ar éileamh, ó 1,800 duine ag baint leas as seirbhísí in 2023 go dtí 2,800 in 2024. Cinntíonn an maoiniú soláthar foirne agus cumasaíonn sé pleanáil fhadtéarmach chun freastal ar an riachtanas méadaitheach seo.
- **Rochtain agus a leathnú agus a dhéanamh níos doimhne:** Rochtain a mhéadú ó thaobh doimhneachta de (gníomhaíochtaí níos minice a sholáthar) agus í a leathnú (teagmháil a dhéanamh le níos mó leanaí), le rannpháirtíocht ó éascaitheoirí a bhfuil saineolas acu sna healaíona, san éiceolaíocht, agus sa ghluaiseacht oiriúnaitheach.
- **An bonn fianaise a mhéadú:** Léiríonn an chomhpháirtíocht le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) a dhéanann tionchar a thomhas agus meastóireacht ar Thoradh Sóisialta ar Infheistíocht (TSAI), go mbíonn luach €3.68 do theaghlaigh ar gach €1 a chaitear.

**An Tionchar**
Cuireann obair Crann ar chumas leanaí agus a dteaghlach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí le chéile a rachaidh chun tairbhe dóibh, lena ndéanfar sláinte, folláine agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú. Taobh amuigh den tionchar do theaghlaigh aonair, spreagann an obair seo athrú sistéamach sa tslí go ndéantar seirbhísí míchumais a dhearadh. Cruthaíonn sí go mbíonn torthaí níos fearr ag baint le cur chuige comhtháite teaghlach-bhunaithe agus go mbíonn costais níos ísle ag gabháil leis—cuideoidh an t-eolas seo le treoirphlean a chruthú d'athrú ar fud na hearnála.



"Cuireann an Deontas Claochlaitheach seo ón RTÉ Toy Show Appeal le cumas The Crann Centre clár uathúil a sholáthar a bhfuil fíor-thionchar aige ar leanaí agus ar theaghlaigh a bhfuil duine den teaghlach faoi mhíchumas néarafisiceach. Mar gheall gur maoiniú 2 bhliain atá i gceist, tá an mhuinín againn anois chun bheith ag pleanáil chun cinn le haghaidh tréimhse ama níos faide. Is borradh mór dár bpróifíl, dár bhfeiceálacht agus dár muinín é gur sinne an t-aon charthanas réigiúnach a roghnaíodh do Mhaoiniú Claochlaitheach ó eagraíochtaí mór le rá amhail RTÉ agus an Fhondúireacht Phobail. Níl seirbhísí á dtairiscint againn ach le 6 bliana anuas; tá an-áthas orainn a bheith ag méadú anois agus táimid ag súil go mór leis an gcúnamh breise a mbeimid in ann a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil duine den teaghlach faoi mhíchumas néarafisiceach."

*Padraig Mallon, POF, The Crann Centre*



# An Chaoi ar Tacaíodh le Leanaí in 2025

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bronnadh deontais an RTÉ Toy Show Appeal ag na leibhéil 'Tionchar' (€25K+) agus 'Pobal' (€4K+), thar trí thosaíocht straitéiseacha na hAchainí.

## Aghaidh a Thabhairt ar Bhunriachtanais

Tá de chuspóir le deontais den aicme cistíochta seo a chinntiú go mbíonn leanaí sábháilte, teolaí, beathaithe agus an cúnamh taca is cóir ar fáil acu i ndáil le riachtanais oideachais. Tá de chuspóir, trí chúnamh taca praiticiúil a chur ar fáil, feabhas a chur ar chúinsí maireachtála, ar thaithí saoil agus ar thorthaí do leanaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol díth de chineál ar bith agus cur leis an deis a bhíonn ar oideachas ag leanaí atá faoi bhaol.

### Deontais Tionchair

| Carthanas | | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **COPE na Gaillimhe**<br>**Co. na Gaillimhe**<br>UCC:20011314 | Ag tacú leis an tionscadal Dúlra mar Fhaoiseamh: deiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh i gcóiríocht éigeandála chun dea-chaidreamh a chothú agus chun taitneamh a bhaint as an timpeallacht nádúrtha. | €25,500 |
| **Nasc, an tIonad Cearta Imirceach agus Dídeanaithe, Co. Port Láirge**<br>UCC:20043612 | Maoiniú don tionscadal Tús Nua a sholáthraíonn tacaíocht bunaithe ar obair shóisialta do theaghlaigh dídeanaithe athaontaithe, lena gcuidítear leo bacainní a shárú agus rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha. | €40,000 |
| **Depaul Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20048938 | Maoiniú chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal Oibrí Tacaíochta Leanaí, trí thacaíocht chomhtháite a sheachadadh thar dhá sheirbhís chónaithe, agus trí idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí feabhsaithe a sholáthar. | €40,000 |
| **Clare Haven Services Ltd.**<br>**Co. an Chláir**<br>UCC:20033538 | Maoiniú chun tacú le tionscadal do Leanaí agus do dhaoine óga atá ag fulaingt le Drochíde sa Teaghlach agus le Rialú Comhéigneach. | €22,400 |
| **Tionscnamh Forbartha don Óige**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC: 20065577 | Cuirfidh an maoiniú le Clár Tabhartha Leabhar Thionscnamh Forbartha don Óige le tacaíocht piaraí, le hoiliúint faoi stiúir saineolaithe, agus le hacmhainní do thuismitheoirí. Áirítear leis seo iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus cinnteofar go mbeidh rochtain acu ar na scileanna, ar an eolas, agus ar na líonraí cuí a bheidh uathu chun dul i ngleic le dúshláin. | €40,000 |
| **Cúram Sóisialta Caitliceach Naomh Lorcán Ua Tuathail, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR)(Crosscare)**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC: 20169084 | Maoiniú chun tacú le Tionscadal Bochtaineachta Bia Crosscare, a fhéachann le réiteach measúil, fadtéarmach a sholáthar do dhaoine atá i gcruachás. | €39,000 |
| **Fondúireacht Croí na hÉireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20008376 | Maoiniú chun tacú le Litearthacht Sláinte i Scoileanna DEIS, ag féachaint le timthriall na bochtaineachta a bhriseadh trí fheabhas a chur ar fholláine agus ar thorthaí sláinte do leanaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. | €40,000 |
| **Community Law & Mediation**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC: 20011437 | Maoiniú chun tacú leis an tSeirbhís Dlí Leanaí agus Daoine Óga chun freastal ar riachtanais grúpaí imeallaithe agus chun athruithe a bhaint amach dóibh. | €40,000 |
| **Seirbhís Óige Pobail Chiarraí**<br>**Co. Chiarraí**<br>UCC:20014292 | Maoiniú chun an tIonad Teagmhála Teaghlaigh a mhéadú, áit a gcuirtear timpeallacht chothaitheach agus thacúil ar fáil do leanaí faoi Chúram, nó leanaí a bhfuil a dteaghlach scartha. | €40,000 |
| **Citywise Education**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20066130 | Maoiniú chun tacú leis an gclár ceannaireachta atá deartha chun daoine óga i bpobail faoi mhíbhuntáiste a chumasú, agus córas nua deimhniúcháin ceannaireachta a chomhdhearadh agus a bhunú. | €40,000 |
| **YMCA Chathair Bhaile Átha Cliath (Iontaobhas)**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20060817 | Tacaíocht don tionscnamh malartach fionraíochta a chuidíonn le daltaí torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach trí dheis a thabhairt dóibh eispéireas dearfach a dhéanamh den am a chaitear ar fionraí ón scoil. | €40,000 |
| **Focus Ireland**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20015107 | Maoiniú chun tacú le saoráid Chúram Leanaí Aylward Green, a sholáthraíonn cúram leanaí do chónaitheoirí Aylward Green. | €35,000 |

| Carthanas | | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Gníomh Pobail Naomh Chainnigh Teo (Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Athar Mhic Craith) Co. Chill Chainnigh**<br>UCC:20051617 | Maoiniú chun tacú le clár críochnaithe scoile agus tacaíocht oideachais do dhaoine óga 11-16 bliana d'aois. | €40,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Shráid an Chnoic, Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20142667 | Maoiniú don Chlár For-rochtana Leanaí agus Teaghlaigh a thacaíonn le leanaí agus le cúramóirí a chónaíonn faoi Chosaint Idirnáisiúnta nó i gcóiríocht do dhaoine gan dídean. | €40,000 |
| **Cliona's Foundation Gach Contae**<br>UCC:20068899 | Cuirfidh maoiniú tacaíocht airgeadais láithreach ar fáil do theaghlaigh ar fud oileán na hÉireann atá ag tabhairt aire do leanbh atá an-bhreoite. | €35,000 |
| **IScoil Gach Contae**<br>UCC:20080990 | Maoiniú do thionscadal a chuirfidh ar chumas deichniúr óg, nach bhfuil baint ar bith acu le hoideachas príomhshrutha, rochtain a fháil ar iScoil agus cáilíocht DCCÉ Leibhéal 3 a bhaint amach thar thréimhse bliana. | €40,000 |
| **Grúpa Acmhainní Óige Réigiúnach Bhaile Munna Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20053420 | Maoiniú don tionscadal 'It's Bowled Over!' Tionscnamh a chuireann cláir chócaireachta spriocdhírithe, inbhuanaithe, intomhaiste ar fáil don óige chun aghaidh a thabhairt ar cheann de bhunchúiseanna na bochtaineachta bia. | €16,000 |
| **CyberSafeIreland CTR Co. Chorcaí**<br>UCC:20104108 | Maoiniú d'fheachtas feasachta chun leanaí agus daoine óga a chumasú chun mí-úsáid ghnéis a sheachaint ar líne, trí thuiscint cheart a bheith acu ar a gcearta. | €45,000 |
| **Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall Co. Dhún na nGall**<br>UCC:20035426 | Maoiniú chun tacú lena gcuid oibre chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime i dtaobh torthaí agus míbhuntáiste oideachais a imríonn tionchar ar leanaí agus ar dhaoine óga den Lucht Siúil agus den phobal Romach. | €17,600 |
| **Good Shepherd Corcaigh Co. Chorcaí**<br>UCC:20041618 | Maoiniú don tionscadal Our Place to Thrive lena gcinntítear go bhfuil raon tacaíochtaí ardchaighdeáin atá bunaithe ar thráma ar fáil do leanaí sa tseirbhís mol teaghlaigh. | €40,000 |
| **An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20061982 | Maoiniú chun tacú leis an gclár KIND - Kids in Need of Defence, lena bhfreastalaítear ar riachtanas dlíthiúil nach bhfuil á chomhlíonadh, agus lena gcothaítear imeascadh leanaí neamhthionlactha trí rochtain a sholáthar ar shaol an teaghlaigh agus ar shaoránacht Éireannach. | €40,000 |
| **Ceardlanna Lucht Siúil na hUaimhe CTR (Ceardlanna Lucht Siúil na Mí) Co. na Mí**<br>UCC:20026134 | Tacaíocht do chomhpháirtíocht idir an Lucht Siúil agus an pobal socraithe, a oibríonn ar mhaithe le staid shóisialta agus eacnamaíoch Phobal an Lucht Siúil i gContae na Mí a fheabhsú. | €40,000 |
| **Meánscoil Shliabh Chairmeil Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20145842 | Maoiniú don tionscadal a thacaíonn le leanaí nuathagtha go hÉirinn nach mbíonn aon scolaíocht faighte ag cuid acu roimh ré, trí scileanna riachtanacha Béarla a thabhairt dóibh chun cuidiú leo imeascadh a dhéanamh agus teacht faoi bhláth. | €30,000 |
| **Cumann Tithíochta Chúnamh do Mhná na Mí CTR Co. na Mí**<br>UCC:20021634 | Maoiniú d'Oibrí Rannpháirtíochta Pobail do Dhaoine Óga sa Mhí– chun acmhainn daoine óga a fhorbairt maidir le dlúthchaidrimh shláintiúla, agus chun cuidiú leo freagairtí éifeachtacha coisctheacha a fhorbairt i gcoinne foréigean baile, gnéis agus inscnebhunaithe. | €40,000 |
| **Anew Support Services CTR Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20022983 | Maoiniú do thacaíocht toirchis chomhtháite don óige (YIPS) do mhná faoi mhíbhuntáiste agus do mháithreacha nua (idir 18 agus 25 bliana d'aois) atá faoi mhíbhuntáiste agus dá naíonáin atá i mbaol easpa dídine agus bochtaineachta, nó atá thíos le heaspa dídine agus bochtaineacht. | €40,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Iarthuaisceart an Chláir Co. an Chláir**<br>UCC:20046521 | Maoiniú don tionscadal Dúlra agus Aontacht, malartú cultúrtha idir aos óg na hÉireann agus daoine óga na hÚcráine. | €16,000 |
| **Longford Women's Link CTR Co. an Longfoirt**<br>UCC:20032937 | Maoiniú do thionscadal a chuireann oiliúint ar threoirchomhairleoirí scoile chun drochíde teaghlaigh agus caidrimh mhíshláintiúla i measc déagóirí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. | €22,500 |
| **My Canine Companion Ltd Gach Contae**<br>UCC:20079147 | Maoiniú chun deich gcoileán a chur ar fáil don chlár madraí seirbhíse, lena n-athrófar saol leanaí atá ar speictream an uathachais. | €40,000 |
| **Barnardos Gach Contae**<br>UCC:20010027 | Maoiniú chun tacú le luathoideachas agus le cúram leanaí leochaileacha ó cheantair faoi mhíbhuntáiste i bhFionnghlas, Baile Átha Cliath. | €40,000 |
| **Kinship Care Tuaisceart Éireann Gach Contae de chuid Thuaisceart Éireann**<br>UCC: 101036 | Maoiniú chun tacú le 275 cúramóir agus 405 leanbh/duine óg i socruithe cúraim ar fud Thuaisceart Éireann a bhaineann leas as seirbhísí Kinship Care. | £35,000 |





## Deontais Phobail

| Carthanas | Achoimre | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Midlands Science**<br>**Co. na hIarmhí, Co. an Longfoirt, Co. Laoise & Co. Uíbh Fhailí**<br>UCC:20204089 | Maoiniú don chlár Making Sense with Science a chabhraíonn le daoine óga ó cheantair faoi mhíbhuntáiste scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt chun an eolaíocht a thuiscint. | €13,500 |
| **Ionad Siondróm Down an Oirthuaiscirt**<br>**Co. Mhuineacháin**<br>UCC:20161132 | Maoiniú chun tacú le teiripí riachtanacha (teiripe urlabhra & teanga, fisiteiripe, teiripe shaothair) i dtimpeallacht spraíúil, shóisialta atá deartha go speisialta do leanaí. | €16,000 |
| **Engage in Education**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20027209 | Maoiniú chun teagasc breise a chur ar fáil do scoláirí na sraithe sinsearaí ó cheantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. | €18,000 |
| **Community Connect**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20206555 | Maoiniú chun tacú le Banc Soláthairtí do Naíonáin Community Connect i mBaile Átha Cliath, ag tacú le teaghlaigh trí sholáthairtí riachtanacha leanaí a chur ar fáil, | €15,000 |
| **Teen-Turn**<br>**Co. Cheatharlach**<br>UCC:20157739 | Maoiniú don tionscnamh Pobal ar Líne lena ndéantar deiseanna foghlama ETIM agus litearthacht dhigiteach a sheachadadh do chailíní sna déaga ó cheantair nach mbíonn freastal ceart á dhéanamh orthu. | €17,000 |
| **Mol Foghlama Luimnigh**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20063436 | Maoiniú chun timpeallacht foghlama shábháilte a chur ar fáil ina mothaíonn daoine óga go bhfuil fáilte rompu agus inar féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. | €18,000 |
| **Ionad Teilea-oibre & Oiliúna Bhaile Comáin Teo**<br>**Co. Uíbh Fhailí**<br>UCC:20206504 | Maoiniú chun oideachas agus seirbhísí a chur chun cinn do dhaoine dífhostaithe, dóibh siúd atá i mbaol dífhostaíochta agus do ghrúpaí imeallaithe i gceantair thuaithe Uíbh Fhailí agus sna ceantair máguaird. | €16,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghleanntán an Choiréil, Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20052560 | Maoiniú chun na tacaíochtaí bainc bia agus gníomhaíochtaí teaghlaigh atá á soláthar cheana féin a leathnú. | €18,000 |
| **Scoil Náisiúnta Eoin Baiste (Scoil do Bhuachaillí), Co. Luimnigh**<br>UCC:20204900 | Maoiniú chun tacú le sosanna céadfacha a chur i bhfeidhm i rith an lae scoile do gach scoláire chun rialáil mhothúchánach a chur chun cinn, aird leanaí a fheabhsú, agus rannpháirtíocht sa teagasc agus san fhoghlaim a fheabhsú. | €18,000 |
| **YANA, An Tionscadal um Fhoréigean Baile Chorcaí Thuaidh CTR, Co. Chorcaí**<br>UCC:20063009 | Maoiniú do chlár leanaí YANA a oibríonn le leanaí chun timthriall na mí-úsáide a bhriseadh agus a chuireann teiripe ar fáil do leanaí chun cuidiú leo tosú ag cneasú ó thráma. | €14,400 |
| **Ionad Acmhainní Mercy Law**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20072254 | Maoiniú chun Faisnéis, comhairle dlí agus ionadaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh atá Gan Dídean agus/nó atá ag baint leas as Cóiríocht éigeandála agus/nó as Tithíocht Shóisialta. | €18,000 |
| **Ionad Acmhainní Pobail & Teaghlaigh Chlóirthigh CTR**<br>**Co. Uíbh Fhailí**<br>UCC:20066406 | Maoiniú chun an tionscadal Planet Youth a leathnú agus leanúint ar aghaidh ag fostú oibrí óige a dhéanann teagmháil le déagóirí imeallaithe trí chláir an tionscadail. | €15,000 |
| **Comharchumann Phobal an Chrainn Mhóir Teo, Co. Shligigh**<br>UCC:20064396 | Maoiniú chun tacú leis an gcaifé agus leis an ngairdín pobail lena bhfeabhsaítear roghanna sláintiúla bia do leanaí ó cheantar atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch. | €17,500 |
| **Mol Sláinteachais (Banc Sláinteachais Éireann roimhe seo, Gach Contae**<br>UCC:20206208 | Maoiniú chun tacú le bun-earraí sláinteachais a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh atá i ngátar ar fud na hÉireann agus feasacht a ardú ag an am céanna. | €18,000 |
| **Action Deaf Youth**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 102041 | Thacaigh an maoiniú le seisiúin teiripe súgartha for-rochtana a sholáthar do leanaí bodhra. | £9,884 |
| **Diverse Youth Thuaisceart Éireann**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 108130 | Maoiniú do thionscadal 12 mhí "Athléimneacht a Thógáil Trí Chruthaitheacht agus Folláine", lena ndíreofar ar 80 duine óg leochaileach. | £10,000 |
| **GLOW**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 1206547 | Thacaigh an maoiniú le seirbhísí tacaíochta meabhairshláinte do chailíní idir 10-17 mbliana d'aois a leathnú i gceantair dhíothacha i mBéal Feirste. | £10,000 |
| **Lightyear Foundation**<br>**Gach Contae de chuid TÉ**<br>UCC: 1150231 | Maoiniú chun tacaíochtaí a sholáthar do 600 duine óg atá faoi mhíchumas agus atá néara-éagsúil ar fud sé scoil speisialta i dTuaisceart Éireann. | £10,000 |
| **Young at Art Ltd.**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 102564 | Maoiniú don tionscadal 'Leanbh Athléimneach' a chuireann rochtain ar na healaíona agus ceardlanna atá bunaithe ar shúgradh ar fáil i sé bhunscoil faoi mhíbhuntáiste i mBéal Feirste. | £10,000 |

## Sláinte & Folláine

Is anróiteach an rud drochshláinte tráth ar bith de shaol an duine ach is suntasach agus is fadtéarmach an toradh a d'fhéadfadh a bheith aige i rith bhlianta óige an linbh maidir le torthaí ar oideachas agus folláine mothúchánach. Baineann cistíocht den chatagóir seo freisin le heagraíochtaí a oibríonn le leanaí agus daoine óga le feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil ag leanaí atá ag déileáil le míchumas nó le tinneas tromchúiseach agus leo siúd a chuidíonn le leanaí feabhsú ó thaobh na sláinte mheabhrach agus seasmhachta.

### Deontais Tionchair

| Carthanas | Achoimre | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Madraí na hÉireann do Dhaoine faoi Mhíchumas, Co. Chorcaí**<br>UCC:20067069 | Maoiniú chun an Clár Madraí Seasmhachta a choinneáil ag imeacht, ag tacú le leanaí faoi mhíchumas fisiceach tromchúiseach trí Madra Seasmhachta uathúil a bhronnadh orthu. | €38,500 |
| **Óige Bhaile Munna Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20070533 | Maoiniú i dtreo Thionscadal Teiripe Súgartha Scoileanna Bhaile Munna, ag tacú le leanaí trí theiripe súgartha a sholáthar i scoileanna áitiúla. | €15,000 |
| **Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC), Gach Contae**<br>UCC:20007225 | Maoiniú chun tacú leis an gclár 'Gníomhartha Cliste' a reáchtáltar i scoileanna chun athléimneacht mhothúchánach agus scileanna chun déileáil le deacrachtaí a fhorbairt i measc scoláirí rang a cúig/a sé, agus scoláirí na chéad bliana le linn dóibh aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil. | €40,000 |
| **An Lárionad Náisiúnta um Mheabhairshláinte Óige CTR (Jigsaw) Gach Contae**<br>UCC:20064846 | Maoiniú chun tacú leis an tairseach 'Connect Client', ardán slán ar líne a ligeann do chliaint taifid a fheiceáil, coinní a sceidealú, cumarsáid a dhéanamh le teiripeoirí agus rochtain a fháil ar acmhainní meabhairshláinte iontaofa. | €40,000 |
| **Ionad Acmhainní Greenhills Bhaile Bhailcín Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20054885 | Maoiniú i dtreo tionscadail a chuireann tacaíochtaí teiripeacha ar fáil do leanaí agus do dhéagóirí a fhulaingíonn leis an tráma a bhaineann le mí-úsáid substaintí sa teaghlach. | €35,000 |
| **Fondúireacht Peter Bradley (Gortú Inchinne Faighte Éireann) Gach Contae**<br>UCC:20046200 | An clár péidiatraiceach 'On with Life' a mhaoiniú, lena ndéantar leanaí a bhfuil gortuithe inchinne faighte a chumasú le saineolas, le huirlisí agus le straitéisí a thabhairt dá dtuismitheoirí, dá múinteoirí, agus do chúramóirí chun tacú le hathshlánú an linbh. | €40,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chromadh Teo Co. Luimnigh**<br>UCC:20200336 | Maoiniú a thabhairt chun an tseirbhís síciteiripe do leanaí agus do dhéagóirí atá ann cheana a leathnú agus a mhéadú chun freastal ar éileamh atá ag dul i méid. | €24,000 |
| **Amber Women's Refuge Co. Chill Chainnigh**<br>UCC:20032920 | Maoiniú chun tacú le spás sábháilte, struchtúrtha a fhorbairt le haghaidh obair duine le duine agus obair ghrúpa le leanaí agus daoine óga a tháinig trí fhoréigean baile. | €18,000 |
| **An Ceoláras Náisiúnta Gach Contae**<br>UCC:20011987 | An clár Ospidéil Leanaí a mhaoiniú i gcomhpháirtíocht le Ceol & Sláinte Éireann, chun an t-áthas a bhaineann le ceol beo a thabhairt chuig leanaí, a dteaghlaigh agus oibrithe cúram sláinte in ospidéil ar fud na hÉireann. | €33,000 |
| **Ionad Acmhainní San Aindrias (IAT San Aindrias) Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20032043 | Cuireadh maoiniú ar fáil i dtreo tacaíochtaí teiripeacha a sholáthar do leanaí néara-éagsúla agus dá dteaghlaigh | €25,000 |
| **Soar Foundation Gach Contae**<br>UCC:20081607 | Chabhraigh an maoiniú seo le déagóirí imeallaithe athléimneacht a fhorbairt agus eolas a fháil i dtaobh a gcuid féiniúlachta agus faoin méid gur féidir leo a bhaint amach. Baintear seo amach le cláir forbartha carachtar Soar atá bunaithe ar fhianaise agus ar thaithí. | €40,000 |
| **Seirbhísí Óige Belong To Gach Contae**<br>UCC:20059798 | Chuir an maoiniú seo le fás leanúnach na Seirbhíse Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh, a thugann rochtain do dhaoine óga LADTA+ agus dá dteaghlaigh ar thacaíochtaí sláinte agus folláine. | €40,000 |
| **Cumann Naomh Uinseann de Pól Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20013806 | Maoiniú chun seirbhísí teiripe cruthaithí a chur ar fáil do leanaí atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste i dtuaisceart lárchathair Bhaile Átha Cliath. | €28,000 |
| **The Saoirse Foundation (Bumbleance) Co. Chorcaí**<br>UCC:20075163 | Thacaigh an maoiniú le hearcú, le hoiliúint agus le fostaíocht do thiománaí nua BUMBLEANCE. | €40,000 |
| **Seirbhísí Míchumais Chumas Éireann Co. Chill Mhantáin**<br>UCC:20006617 | Thacaigh an maoiniú leis an gclár 'Making Waves' a mhéadú, chun rochtain a chur ar fáil do leanaí faoi Mhíchumas ar hidriteiripe. | €40,000 |



| Carthanas | Achoimre | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Gluaiseacht Lucht Siúil Uíbh Fhailí**<br>**Co. Uíbh Fhailí**<br>UCC:20204733 | Maoiniú chun an rochtain ar thacaíocht comhairleoireachta teiripeacha a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil agus atá oiriúnach ó thaobh cultúir de a mhéadú d'óige an Lucht Siúil. | €40,000 |
| **Sensational Kids**<br>**Co. Chill Dara**<br>UCC:20065133 | Tacóidh an maoiniú le rochtain ar chláir theiripe lánmhaoinithe atá dírithe ar thorthaí a leathnú ar fud na gceithre Ionad Forbartha Leanaí. | €40,000 |
| **Purple House Cancer Support**<br>**Co. Chill Mhantáin**<br>UCC:20037178 | Maoiniú a thabhairt do thionscadal a dhíríonn ar leanaí atá thíos le tráma nó brón mar gheall ar ailse. Tá sé mar aidhm ag Purple House tacaíocht shíceolaíoch, mhothúchánach agus phraiticiúil a chur ar fáil don aonad teaghlaigh ar fad a bhfuil ailse, nó bás de thoradh ailse, ag imirt tionchair orthu. | €40,000 |
| **Fondúireacht Sláinte Leanaí**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20042462 | Thacaigh an maoiniú le sainsuíocháin agus trealamh soghluaisteachta agus féinchúraim a chur leis an stoc Teiripe Saothair chun freastal ar riachtanais daoine óga murtallacha. | €40,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile an Róba CTR (IAT Tacú)**<br>**Co. Mhaigh Eo**<br>UCC:20061456 | Chuidigh an maoiniú seo le hoibrí Tacaíochta Pobail a fhostú do Theaghlaigh Lucht Siúil i mBaile an Róba. | €38,000 |
| **Luath-Óige Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC 20078904 | Maoiniú chun tacú leis an gclár píolótach 'Time for Nurturing Connections', ina bhfiosraítear an chaoi ar féidir le hoideolaíocht chaidreamhach mhall dea-thionchar a imirt ar mheabhairshláinte agus ar fholláine leanaí. | €45,000 |
| **Pobal Teiripeach Chúil Mhín**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20009687 | Maoiniú i dtreo spásanna fiúntacha teaghlaigh a fhorbairt chun tacú le hathaontú dearfach d'aithreacha, do leanaí, agus dá dteaghlaigh. | €32,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Iardheisceart Loch Garman**<br>**Co. Loch Garman**<br>UCC:20027087 | Maoiniú do thionscadal chun spás céadfach a shuiteáil atá deartha go sainiúil chun freastal ar dhaoine atá néara-éagsúil. | €28,000 |
| **One Family**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20012212 | Maoiniú chun tacú le teiripeoir a fhostú a bhfuil taithí aige nó aici ar bheith ag obair le daoine óga agus lena dtuismitheoirí. | €40,000 |
| **Ionad Géarchéime um Éigniú na Gaillimhe**<br>**Co. na Gaillimhe**<br>UCC:20016364 | Maoiniú chun an clár Síciteiripe Ealaíne a choinneáil ag imeacht do dhaoine óga a raibh tionchar ag tráma an fhoréigin ghnéasaigh orthu. | €35,000 |
| **Cumann Fiobróise Cistí na hÉireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20011376 | Maoiniú a thabhairt don Deontas Aclaíochta, a thacaíonn le daoine trealamh aclaíochta a cheannach, clárú le haghaidh ranganna aclaíochta/spóirt foirne agus/nó ballraíocht i gclubanna/spórtlanna a fheidhmíonn mar thacaíocht choiscitheach agus láithreach dóibh siúd a bhfuil fiobróis chisteach orthu. | €40,000 |
| **ChildVision**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20001278 | Maoiniú don chlár teiripe eachaí a thugann rochtain do leanaí a bhfuil lagú amhairc agus míchumais chasta orthu ar theiripe eachaí ó cheann ceann na bliana. | €36,000 |
| **Siondróm Down Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20010164 | Maoiniú a thabhairt don chlár Lámh agus do chláir chumarsáide shonracha eile do leanaí a bhfuil siondróm down orthu, oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí agus comhoibriú a chothú chun timpeallacht foghlama uilechuimsitheach a chruthú. | €40,000 |
| **Tionscnamh Iompraíochta Chluain Dolcáin Teoranta, Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20065843 | Maoiniú chun clár frithbhulaíochta fianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm i sé Bhunscoil ainmnithe DEIS i mBaile Átha Cliath chun tacú le meabhairshláinte agus folláine leanaí. | €32,000 |
| **Ionad Siondróm Down**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20055158 | Maoiniú chun tacú le teiripí riachtanacha (teiripe urlabhra & teanga, fisiteiripe, teiripe shaothair) i dtimpeallacht spraíúil, shóisialta atá deartha go speisialta do leanaí. | €40,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh an Droichid Nua**<br>**Co. Chill Dara**<br>UCC:20053086 | Maoiniú don tionscadal tuismitheoireachta cruthaithí ina bhforbraítear cuir chuige bunaithe ar aireachas chun nasc mothúchánach, féin-trua agus cumarsáid a fheabhsú, agus rochtain leanaí ar theiripe súgartha a mhéadú ag an am céanna. | €38,000 |
| **Seirbhísí Comhairleoireachta Chorcaí**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20022327 | Maoiniú do chlár um fhéinmharú a chosc chun seirbhísí duine le duine a sholáthar do dhaoine óga agus chun doiciméid agus beartais chliniciúla i dteanga shimplí shaincheaptha a fhorbairt. | €32,000 |
| **Huruma ag trádáil mar Wellsprings**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20046828 | Maoiniú i dtreo tacaíocht chuimsitheach agus ilghnéitheach a sholáthar do theaghlaigh, go háirithe lucht fágála cúraim agus a leanaí. | €40,000 |
| **Fondúireacht San Gaibriéil**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20008536 | Maoiniú le haghaidh "Get Going, Get Rowing 2025", tionscnamh do leanaí faoi mhíchumas amhail neamhord de chuid speictream an uathachais, chun teacht le chéile i gcampa seachtaine i rith an tsamhraidh, tráth a n-imíonn an struchtúr óna saol agus go bhféadfadh leanaí a bheith go mór faoi strus. | €40,000 |

| Carthanas | Achoimre | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20206772 | Maoiniú i dtreo na comhdhála deireadh seachtaine cónaithe do theaghlaigh, ina dtugtar na teaghlaigh ón Líonra Tacaíochta Teaghlaigh le chéile le haghaidh deireadh seachtaine de cheardlanna agus d'fhorbairt phobail. | €15,000 |
| **Early Learning Initiative**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20024956 | Maoiniú a thabhairt don chlár tacaíochta P365 teaghlach-bhunaithe do leanaí a bhfuil moill forbartha ag gabháil dóibh agus riachtanais bhreise acu. | €40,000 |
| **Children's Sunshine Home Trust (LauraLynn)**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20154844 | Maoiniú chun sainseirbhís síceolaíochta cliniciúla a chur i bhfeidhm go buan do leanaí a bhfuil riachtanais chúraim mhaolaithigh acu agus dá dteaghlaigh i gCúige Mumhan. | €40,000 |
| **Cumann Ailse na hÉireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20009502 | Maoiniú chun tacú le deireadh seachtaine campaí méala i gcomhpháirtíocht le Barretstown, ina gcuirtear timpeallacht thacúil ar fáil do theaghlaigh inar féidir leo am luachmhar, fiúntach a chaitheamh le chéile. | €40,000 |
| **ARC Cancer Support**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20028428 | Maoiniú a thabhairt don chlár comhairleoireachta do leanaí agus do dhéagóirí a sholáthraíonn tacaíocht speisialaithe duine le duine do leanaí agus do dhéagóirí a bhfuil ailse ag cur isteach orthu. | €40,000 |
| **First Fortnight**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20081492 | Maoiniú do sheirbhísí teiripe cruthaithí a chuirtear ar fáil saor in aisce do leanaí agus do dhéagóirí atá gan dídean, nó atá i mbaol easpa dídine. | €40,000 |
| **Seirbhís Óige Bhaile Formaid**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20150532 | Maoiniú don tionscnamh chun seirbhísí síciteiripeacha agus teiripeacha a chomhtháthú sa chlár. | €36,000 |
| **An Ciste Ailse do Leanaí**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20142681 | Maoiniú chun an Clár Tacaíochta Óige ospidéalbhunaithe a leathnú, lena gcuirtear tacaíocht shíceasóisialta ríthábhachtach ar fáil do dhaoine óga a bhfuil ailse orthu. | €38,000 |
| **P.R.I.D.E. an Churraigh Ionad Acmhainní Teaghlaigh**<br>**Co. Chill Dara**<br>UCC:20063504 | Maoiniú chun teiripí díreacha a sholáthar a bhaineann go sonrach le riachtanais forbartha leanaí néar-éagsúla. | €32,000 |
| **Grúpaí Seirbhísí Pobail Mhuire Lourdes**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC: 20026127 | Maoiniú chun tacú le 'Beston', samhail nuálach, chomhtháite luathbhlianta agus tacaíochta teaghlaigh atá curtha in oiriúint go sonrach do phobal Bhéal Átha na Cora (Weston). | €28,800 |
| **Seirbhís Óige Luimnigh**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20016531 | Maoiniú chun cabhrú leis an Tionscadal Meabhairshláinte don Óige faoin Tuath, Bí Folláin, a chothabháil, lena dtugtar tacaíocht do mheabhairshláinte agus d'fholláine daoine óga 14-25 bliana d'aois | €40,000 |
| **Mol Eolais, Comhairle agus Teagmhála maidir le Speictream an Uathachais (AsIAm.ie)**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20144838 | Maoiniú don Chlár Leanaí agus Teaghlaigh; samhail uathúil tacaíochta meabhairshláinte a sholáthar do leanaí a bhfuil uathachas orthu agus dá dteaghlaigh. | €35,000 |
| **Seirbhísí Pobail Thuaisceart Thiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann**<br>UCC:20017071 | Maoiniú do thionscadal a chuireann tacaíocht duine le duine agus grúpaí sóisialta ar fáil do gach duine óg LADTI+ (12 -24 bliana d'aois) san Iarthar Láir. | €40,000 |
| **Pieta House (An tIonad um Fhéindochar agus Fhéinmharú a Chosc)**<br>**Co. Mhaigh Eo**<br>UCC:20062026 | Maoiniú chun na seirbhísí comhairleoireachta do dhaoine óga maidir le féinmharú a chosc agus seirbhísí comhairleoireachta méala a choinneáil ag imeacht. | €40,000 |
| **An Ciste Ailse do Leanaí TÉ**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 100532 | Maoiniú don tionscnamh Todhchaí Athléimneach a sholáthraíonn tacaíocht theiripeach neamhfhoirmiúil do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil Ailse orthu. | £35,000 |
| **Fiontraíocht Óige TÉ**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 107515 | Maoiniú a thabhairt chun tacú le hoideachas cuimsitheach maidir le fiontraíocht a sholáthar do dhaoine óga i dTuaisceart Éireann. | £35,000 |



## Deontais Phobail

| Carthanas | Achoimre | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Mhaothla CTR**<br>**Co. Liatroma**<br>UCC:20049126 | Maoiniú chun idirghabhálacha teiripeacha a sholáthar ar bhonn duine le duine agus ar bhonn grúpa do leanaí agus do dhaoine óga. | €12,000 |
| **Oscar's Kids Ireland**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20206106 | Maoiniú chun tacú leis an gclár teiripe súgartha a sholáthraíonn seisiúin teiripe súgartha struchtúrtha do leanaí a bhfuil ailse fhoirceanta orthu agus dá ndeartháireacha agus deirfiúracha. | €20,000 |
| **Shannon's Hopeline CTR**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20107703 | Maoiniú a dhéanamh ar thionscadal chun 12 sheisiún comhairleoireachta a sholáthar do 150 leanbh agus duine óg a bhfuil tionchar ag féinmharú orthu. | €16,000 |
| **Cuan Cancer Social Support Company**<br>**Co. an Chabháin**<br>UCC:20142810 | Maoiniú a thabhairt don chlár teiripí cruthaitheacha do leanaí agus do dhéagóirí a bhfuil ailse ag cur isteach orthu. | €18,000 |
| **Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20047139 | Maoiniú chun síciteiripe inacmhainne a sholáthar do dhéagóirí faoi mhíbhuntáiste idir 12 agus 18 mbliana d'aois. | €16,000 |
| **Bunscoil Naomh Proinsias**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20205295 | Maoiniú chun teiripe shúgartha rialta a sholáthar do na daltaí is leochailí sa scoil a ndeachaigh tráma i bhfeidhm orthu. | €12,000 |
| **Leanaí in Ospidéal Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20012632 | Maoiniú do sheisiúin tacaíochta atá bunaithe ar shúgradh do leanaí san ospidéal a bhféadfadh tréimhsí fada a bheith rompu ina n-aonar san ospidéal, rud a thugann tacaíocht phobail do leanaí agus do theaghlaigh nuair a bhíonn sé ag teastáil go géar uathu. | €16,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh na Mílaoise Teo**<br>**Co. Thiobraid Árann**<br>UCC: 20048167 | Teiripe shúgartha a mhaoiniú a thacaíonn le leanaí déileáil leis na hiarmhairtí mothúchánacha a bhaineann le heispéiris thrámacha sa saol. | €16,000 |
| **Order of Malta Share to Care**<br>**Co. na Gaillimhe**<br>UCC: 20005924 | Maoiniú chun tacú le laethanta saoire faoisimh agus imeachtaí sóisialta a sholáthar do leanaí faoi mhíchumas, do leanaí a bhfuil tinnis ag gabháil dóibh a chuireann teorainn lena saol agus do theaghlaigh na leanaí sin. | €16,000 |
| **Bunscoil Iósaf**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC: 20129132 | Maoiniú do limistéar cothaithe scoile, ina cuirfear spás ar fáil do na leanaí is leochailí sa scoil chun a gcuid mothúchán a rialáil, chun bheith ag ithe agus chun rochtain a fháil ar oideachas. | €15,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh na Seanabhann**<br>**Co. Chiarraí**<br>UCC:20074968 | Maoiniú do sholáthar teiripe súgartha, comhairleoireacht do dhéagóirí, agus idirghabhálacha teiripeacha eile do theaghlaigh ar ioncam íseal agus dá leanaí. | €8,000 |
| **Scoil Náisiúnta Chionn Damh**<br>**Co. Mhaigh Eo**<br>UCC:20205918 | Maoiniú don chlár folláine saoire 'Todhchaí Níos Gile' a sholáthraíonn oideachas agus tacaíocht do leanaí nuathagtha a tháinig go hÉirinn faoi chosaint idirnáisiúnta nua agus do leanaí ó Ionaid Seirbhísí Cóiríochta Cosaint Idirnáisiúnta (Ionaid IPAS). | €20,000 |
| **Tionscadal Dúlra Fiáin Venture Out CTR**<br>**Co. Ros Comáin**<br>UCC:20156305 | Maoiniú don tseirbhís tacaíochta 'Unearth 1 go 1' a chabhraíonn le daoine óga na dúshláin atá rompu a bhainistiú agus a shárú trí bheith ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eachtraíochta amuigh faoin aer agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar obair óige. | €18,000 |
| **Karablu CLG (BEST)**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC 20042783 | Tacaíochtaí teiripeacha a mhaoiniú do leanaí a d'fhulaing le tráma i gcaitheamh a saoil chun scileanna pearsanta, sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe dá bhfolláine fhoriomlán. | €16,000 |
| **Blue Box, Ionad Teiripe na nEalaíon Cruthaitheach, Co. Luimnigh**<br>UCC:20052836 | Maoiniú chun na healaíona cruthaitheacha agus teiripe súgartha a chur ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh i gCathair Luimnigh atá leochaileach agus i mbaol. | €16,000 |
| **Diospraicse agus Neamhord Comhordaithe Forbartha (NCF) Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20041571 | Clár a mhaoiniú a chabhraíonn le tuismitheoirí a dtuiscint ar dhiospraicse/NCF a fhorbairt; an tslí go dtéann sí i bhfeidhm ar fhorbairt agus ar iompar a leanaí, agus straitéisí éifeachtacha chun í a bhainistiú. | €11,400 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún Mánmhaí**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20071349 | Maoiniú chun tacú le grúpa leanaí óga intí a fhorbairt inar féidir le tuismitheoirí agus a leanaí caidreamh a dhéanamh trí bheith ag súgradh leis na leanaí, nascadh agus tacú lena chéile. | €8,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chill an Ardáin**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC: 20040260 | Maoiniú a thabhairt le go leanfar ar aghaidh leis an tseirbhís idirghabhála theiripeach duine le duine a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga. | €11,500 |
| **Siondróm Williams Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20024123 | Maoiniú chun na campaí samhraidh a reáchtálann WSÉ a fheabhsú chun tacú le meabhairshláinte leanaí a bhfuil Siondróm Williams orthu. | €8,000 |

| Carthanas | Achoimre | Suim an Deontais |
|---|---|---|
| **Heart Children Ireland**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20025274 | Maoiniú don chlár teiripe súgartha a sholáthraíonn tacaíocht ríthábhachtach mhothúchánach agus shíceolaíoch do leanaí a rugadh le galar corónach croí (GCC) agus dá ndeartháireacha agus deirfiúracha. | €15,500 |
| **Cumann Forbartha Pobail an Chaisleáin Ghlais Teo**<br>**Co. Dhún na nGall**<br>UCC:20052881 | Maoiniú don chlár 'Growing Wild' a nascann na buntáistí teiripeacha a bhaineann le garraíodóireacht agus le héiceiteiripe le súgradh spraíúil lasmuigh. | €12,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Átha Troim CTR, Co. na Mí**<br>UCC:20079802 | Maoiniú don tionscadal a sheachadann sraith clár struchtúrtha samhraidh agus iarscoile atá deartha chun folláine a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga. | €15,500 |
| **Safe Haven Ireland**<br>**Co. Shligigh**<br>UCC:20105471 | Cuireann sé deiseanna oiliúna seoltóireachta ar fáil do dhaoine óga 12-21 bliana d'aois chun lánpháirtiú agus forbairt óige a chur chun cinn. | €14,400 |
| **Cumann Siondróm Prader Willi na hÉireann (PWSAI)**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20051693 | Maoiniú chun comhairle agus cabhair diaitéiteach a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil siondróm Prader Willi orthu in Éirinn. | €8,000 |
| **Embrace Farm**<br>**Co. Laoise**<br>UCC:20149956 | Maoiniú a thabhairt don tionscadal 'Minding Me', lena ndéantar teiripe speisialaithe thráma-bhunaithe, tréimhsí tearmainn agus tacaíochtaí teaghlaigh a sholáthar do leanaí i dteaghlaigh feirmeoireachta a ndeachaigh tráma i bhfeidhm orthu. | €16,000 |
| **Narrative 4 CTR**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20155254 | Maoiniú don champa samhraidh Connect 4 do chailíní ó chúlra imirceach ina mbíonn deis acu cuntas a thabhairt ar a gcuid eispéireas, nascadh tríd an scéalaíocht & an ealaín, agus scileanna saoil agus folláine a fheabhsú ag an am céanna. | €8,000 |
| **Open Spectrum CTR**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20206387 | Maoiniú don chlár teiripe do leanaí a bhfuil uathachas orthu agus do dhéagóirí a bhfuil fadhbanna síceolaíocha ag gabháil dóibh. | €8,000 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Amhlaoibh, Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20039578 | Maoiniú don chlár Ciorcal Cairde, spás teiripeach speisialaithe atá deartha do leanaí 6 bliana d'aois agus níos sine. | €11,000 |
| **Seirbhís Tacaíochta LADT Outcomers**<br>**Co. Lú**<br>UCC:20206209 | Maoiniú don Chlár 'Pride in Resilience' a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le daoine óga den phobal LADT+. | €8,000 |
| **Tionscadal Teaghlaigh Rae Bedford**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20042172 | Maoiniú chun tacú leis an obair atá á déanamh le teaghlaigh a bhfuil daoine muinteartha leo sa phríosún, ar mhaithe le timthriall na príosúnachta a bhriseadh trí leas a bhaint as raon tacaíochtaí. | €8,000 |
| **GOSHH**<br>**Co. an Chláir, Co. Luimnigh,**<br>**Co. Thiobraid Árann**<br>UCC:20030957 | Cuirfear an maoiniú don tionscadal seo le cistí eile chun oibrí óige lánaimseartha a fhostú atá tiomanta do thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga LADTI+ ar fud Iarthar Láir na hÉireann. | €16,000 |
| **ADDNI Limited**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 100298 | Maoiniú don tionscadal chun dul i ngleic le Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta (NHEA) agus chun tacú le daoine óga néara-éagsúla agus iad a chumasú ag an am céanna. | £10,000 |
| **Acadamh Oiliúna Leanaí**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 106988 | Maoiniú don chlár FEED PLUS (Clár um Aclaíocht, Oideachas, Cumasú & Forbairt). | £9,540 |
| **Fresh Little Minds**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 108816 | Maoiniú don chlár 'Sunrise Communities'. | £10,000 |
| **New Lodge Duncairn Community Health Partnership**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC:103529 | Seirbhísí atá dírithe ar thacú le folláine mhothúchánach leanaí agus daoine óga a mhaoiniú. | £9,983 |
| **Newpin Thuaisceart Éireann**<br>**Co. Dhoire**<br>UCC: 105131 | Maoiniú chun tacú leis an tionscadal 'Our Time to Shine'. | £10,000 |
| **Feasacht a Ardú ar Mheabhairshláinte**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 104363 | Maoiniú chun tacú leis an tionscadal súgartha aireach. | £10,000 |




SOFIA VALDEZ, FUTURE PRE
THE QUESTIONEERS
A PARK for EVERYONE
Vote Sofia
Sofia for President
David Roberts

## Cruthaitheacht & Súgradh

Is mór agus is tréan an éifeacht a bhíonn leis an ealaín agus leis an gcruthaitheacht mar uirlisí a chuidíonn le leanaí fadhbanna a réiteach, smaoineamh ar bhonn straitéise, caidreamh a chothú le daoine eile agus déileáil le cora an tsaoil, cora chun feabhais nó chun donachta. Is bunghnéithe an chruthaitheacht agus an spraoi d'fhorbairt chognaíoch an linbh agus den fhorbairt ar an iompar sóisialta. Tá d'aidhm leis an gcistíocht cur leis an bhforbairt phearsanta agus leis an bhforbairt mhothúchánach, chomh maith le seasmhacht agus le folláine leanaí faoi mhíbhuntáiste trí chláir agus bearta cruthaitheachta a chuidíonn leis an bhforbairt phearsanta agus a threisíonn le lánpháirtíocht.

**Impact Grants**

| Ainm an Charthanais | | |
|---|---|---|
| **Baboró na Gaillimhe Teo, Féile Idirnáisiúnta Leanaí**<br>**Co. na Gaillimhe**<br>UCC:20043834 | Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sna healaíona a chur chun cinn le tionscnaimh agus féilte éagsúla. | €23,500 |
| **Scoil na Cúirte Nua**<br>**Co. Chill Mhantáin**<br>UCC:20140762 | Maoiniú i dtreo trealamh súgartha a cheannach chun spás áineasa cuimsitheach lasmuigh a fhorbairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. | €30,000 |
| **Sing Ireland**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20012601 | Maoiniú don tionscnamh luathbhlianta Star Songs a thugann rochtain do leanaí ó phobail imeallaithe ar an bhfoghlaim chruthaitheach, bunaithe ar shúgradh. | €40,000 |
| **Helium Arts Ealaíon & Sláinte Leanaí**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20075200 | Conairí cruthaitheacha a mhaoiniú do dhaoine óga a bhfuil fadhbanna sláinte fadsaoil acu, trí dheiseanna cruthaitheacha inrochtana a sholáthar chun tacú lena sláinte mhothúchánach. | €40,000 |
| **Scoil Speisialta Naomh Iósaf**<br>**Co. na Gaillimhe**<br>UCC:20140182 | Maoiniú chun tacú leis na cláir oideachais do dhaltaí idir 4 -18 mbliana d'aois atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta measartha agus a bhfuil uathachas orthu. | €40,000 |
| **Ionad na Toirbhirte Theas CTR**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20077921 | Maoiniú chun cabhrú le tacaíocht shíceasóisialta a chur ar fáil d'iarrthóirí tearmainn, do dhídeanaithe agus d'imircigh i gCorcaigh. | €40,000 |
| **Compántas Amharclannaíochta Graffiti**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20022082 | Na cláir ealaíon amharclannaíochta laistigh den phobal a mhaoiniú, chun rochtain ar rannpháirtíocht sna healaíona a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga. | €40,000 |
| **Fighting Words**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC: 20069742 | Cuireann maoiniú le cláir chun scileanna scríbhneoireachta, léitheoireachta agus scileanna cruthaitheacha liteartha a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine fásta. | €40,000 |
| **Sorcas Pobail na Gaillimhe**<br>**Co. na Gaillimhe**<br>UCC:20064747 | Maoiniú chun tacú le cláir inrochtana a fhorbairt a chuireann ar chumas daoine óga atá faoi mhíchumas fisiciúla agus atá néara-éagsúil páirt iomlán a ghlacadh sna healaíona sorcais. | €32,500 |
| **Club Sóisialta agus Áineasa Lakers**<br>**Co. Chill Mhantáin**<br>UCC: 20051907 | Maoiniú chun seomra gníomhaíochta sóisearach nua, agus seomra céadfach taobh leis, a fheistiú go hiomlán do bhaill shóisearacha an chlub. | €18,000 |
| **Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20022006 | Maoiniú chun tacú le cothromas deiseanna trí cheachtanna saor in aisce i gceol téaduirlise, san amhránaíocht chórúil agus i scríobh amhrán, a chur ar fáil do leanaí nach mbeadh rochtain acu ar na healaíona murach na deiseanna seo. | €20,000 |
| **Leabhair Pháistí Éireann**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20038922 | Maoiniú don chlár 'Gach Leanbh ina Léitheoir' lena mbaineann leanaí scoile i gceantair faoi mhíbhuntáiste tairbhe as an tionchar claochlaitheach a bhaineann le léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr. | €38,500 |
| **Cumann Náisiúnta Drámaíochta don Aos Óg**<br>**Gach Contae**<br>UCC:20023492 | Maoiniú le haghaidh eispéiris chlaochlaitheacha amharclannaíochta don aos óg agus deiseanna méadaithe le haghaidh rannpháirtíochta ealaíonta do dhaoine óga a bhíonn thíos le bacainní amhail aonrú tuaithe, míchumas agus dúshláin shocheacnamaíocha. | €40,000 |
| **Ionad Teaghlaigh Spraoi agus Spórt CTR**<br>**Co. Dhún na nGall**<br>UCC:20077105 | Maoiniú do spás ceiliúrtha inrochtana, céadfach in Inis Eoghain, ionas gur féidir le leanaí faoi mhíchumas, leanaí a bhfuil íogaireachtaí céadfacha ag gabháil dóibh, agus leanaí ó theaghlaigh ar ioncam íseal ócáidí tábhachtacha a cheiliúradh ar bhealach ionchuimsitheach. | €40,000 |
| **Scoil Náisiúnta Speisialta Bhaile Dúill**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20204614 | Maoiniú le haghaidh clós súgartha iomlán inrochtana, céadfach lena gcuirfear spás sábháilte, uilechuimsitheach súgartha ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu. | €22,400 |
| **Ionad Acmhainní Ealaíon & Pobail Bhaile Munna ag trádáil mar Axis**<br>**Co. Bhaile Átha Cliath**<br>UCC:20046248 | Maoiniú chun spás súgartha céadfach sábháilte agus tarraingteach lasmuigh a chruthú do Crèche Axis, a rachaidh chun tairbhe úsáideoirí uile an spáis. | €40,000 |

| Ainm an Charthanais | | |
|---|---|---|
| **In Your Space Circus Teo**<br>**Co. Dhoire**<br>UCC: 103059 | Maoiniú don tionscadal sorcais 'All In'. | £39,914 |
| **Ionad Leanaí agus Teaghlaigh Rainbow**<br>**Co. Dhoire**<br>UCC: 103745 | Maoiniú don tionscadal súgartha naíonáin agus linbh. | £24,168.56 |
| **The Cedar Foundation**<br>**Gach Contae de chuid Thuaisceart Éireann**<br>UCC: 101121 | Maoiniú do chlár gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha 12 mhí do 126 leanbh agus duine óg faoi mhíchumas idir 5-18 mbliana d'aois. | £24,942 |

## Deontais Phobail

| Ainm an Charthanais | Achoimre | Suim a Ceadaíodh |
|---|---|---|
| **Irish Aerial Creation Centre**<br>**Co. Luimnigh**<br>UCC:20206715 | Maoiniú a thabhairt do chur chun cinn na n-ealaíon trí na healaíona aerga, le seisiúin thrialacha do scoileanna speisialta, le cleachtaí agus le deiseanna cruthaitheacha do dhaoine óga. | €14,000 |
| **Love and Care for People**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20204558 | Maoiniú a thabhairt do thionscadal chun Báid Dragan Inséidte a úsáid le haghaidh cluichí spraíúla tógála foirne allamuigh chun cabhrú le 35 leanbh agus duine óg, lena n-áirítear imircigh atá ag teacht chucu féin i ndiaidh tráma. | €14,200 |
| **Sample-Studios**<br>**Co. Chorcaí**<br>UCC:20205874 | Maoiniú a thabhairt do chleachtóirí ealaíon comhaimseartha trí stiúideonna inacmhainne faoi stiúir ealaíontóirí a chur ar fáil, lena gcothaítear tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus for-rochtain phobail. | €16,000 |
| **Compántas Amharclannaíochta Barnstorm**<br>**Co. Chill Chainnigh**<br>UCC:20081942 | Maoiniú chun tacú le hamharclannaíocht ardchaighdeáin a fhorbairt do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud Chill Chainnigh agus níos faide i gcéin. | €14,000 |
| **Gluaiseacht Phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh**<br>**Co. Chill Chainnigh**<br>UCC:20069346 | Maoiniú a thabhairt i dtreo sholáthar na Scoile Foraoise a leathnú agus a choinneáil ag imeacht do dhaoine óga den Lucht Siúil. | €8,000 |
| **Comhairle Pobail Chill Ala (Newstart) CTR**<br>**Co. Mhaigh Eo**<br>UCC: 20154066 | Maoiniú a thabhairt chun córas idirghníomhach súgartha agus cluichí, a bhíonn á theilgean ar an mballa, a sholáthar do leanaí ag gach aois i bpobal Chill Ala. | €12,800 |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh Chaisleán an Bharraigh Le Chéile**<br>**Co. Mhaigh Eo**<br>UCC:20079703 | Maoiniú do dheis súgartha chruthaitheach do leanaí óga agus do thuismitheoirí araon chun teacht le chéile agus iad féin a chur in iúl trí ealaín, cheol, amhránaíocht agus damhsa. | €18,000 |
| **Fighting Words Thuaisceart Éireann**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 105751 | Maoiniú chun 75 dalta P5 ó thrí bhunscoil i mBéal Feirste a thabhairt ar thuras chun áthas na cruthaitheachta a mhothú agus iad ag tabhairt faoi scéalta a scríobh ina bhfocail féin. | £10,000 |
| **Grúpa Tacaíochta Uathachais Helping Hands**<br>**Co. Aontroma**<br>UCC: 105722 | Maoiniú chun tacú leis an tionscadal 'Helping our Hands Continue to Be Creative' in 2025-2026. | £9,498 |
| **Sticky Fingers Arts**<br>**Co. an Dúin**<br>UCC: 101275 | Maoiniú chun tacú le soláthar clár ealaíon inrochtana agus clár súgartha cruthaithí ag The Imaginarium Centre. | £10,000 |

# Cuid 4
# Flaithiúlacht Deontóirí a Chosaint



# Trédhearcacht agus Iont

Tá an tiomantas go n-úsáidfear gach tabhartas go freagrach, go héifeachtach, agus de réir na gcaighdeán cuntasachta is airde ag croílár an RTÉ Toy Show Appeal. Mínítear an chaoi a ndéanaimid an tiomantas sin a chomhlíonadh sa chuid seo a leanas.

## An chaoi a n-oibríonn an Achainí

Is ciste faoi Chomhairle Deontóirí é an RTÉ Toy Show Appeal a choinnítear ar iontaobhas i gcuntas imfhálaithe i gcomhar leis an gcarthanas cláraithe Fondúireacht Phobail na hÉireann (UCC: 20044886). Tar éis próiseas tairisceana, bhronn RTÉ an conradh ar Fhondúireacht Phobail na hÉireann chun tacú le cuspóirí straitéiseacha daonchairdiúla, agus seirbhísí measúnaithe agus dáilte deontas na hAchainí.

Déanann RTÉ maoirseacht agus bainistíocht ar an Achainí trí Ghrúpa Stiúrtha tiomnaithe, a bhfuil gairmithe sinsearacha ó fud na heagraíochta ann, faoi chathaoirleacht an Phríomh-Stiúrthóra.

Bíonn obair Fhondúireacht Phobail na hÉireann arna tacú ag foireann shainiúil de ghairmithe paiseanta faoi threoir bhaill neamhspleácha an Bhoird. Tá polasaithe i bhfeidhm ag Fondúireacht Phobail na hÉireann chun ardchaighdeán cuntasachta, ionracais, rialaithe airgeadais agus pleanála gnó a chinntiú.

Tá RTÉ agus Fondúireacht Phobail na hÉireann tiomanta do na caighdeáin rialachais agus trédhearcachta is airde a chomhlíonadh i dtaobh gach gné de bhainistiú na hAchainí. Déantar an Achainí a bhainistiú de réir na gcaighdeán atá leagtha amach sa Chairt Deontóirí, agus i gcomhréir iomlán le caighdeáin an Rialálaí Carthanas.

## Gealltanais do Dheontóirí an RTÉ Toy Show Appeal

Tá sé de cheart ag deontóirí a bheith cinnte go n-úsáidfear a gcuid tabhartas chun na gcríoch dár tugadh iad. Tá meas ag an bhFondúireacht ar chearta na ndeontóirí a bheith curtha ar an eolas faoin misean agus faoi na cúiseanna a bhfuil an Fhondúireacht ag bailiú cistí dóibh; agus chun faisnéis shoiléir, ionraic, chruinn a fháil faoin gcaoi a n-úsáidtear a dtabhartais.

**Príobháideachas:** Caithfear le faisnéis phearsanta na ndeontóirí le meas agus le rúndacht i gcomhréir leis na mianta atá luaite ag deontóirí leo agus leis na dlíthe cosanta sonraí is infheidhme.

**Aitheantas:** Admhóidh an Fhondúireacht go bhfuarthas ranníocaíochtaí na ndeontóirí agus aithneofar iad go pras agus go cuí, áireofar leis seo fáltais a sholáthar chun críocha cánach agus aitheantas a thabhairt d'íocaíochtaí de réir roghanna na ndeontóirí.

**Aiseolas agus Gearáin:** Tá sé de cheart ag deontóirí aiseolas a thabhairt, imní a chur in iúl, nó gearáin a dhéanamh faoi chleachtais tiomsaithe airgid na Fondúireachta nó faoi úsáid cistí.



## Úsáid Tabhartais an RTÉ Toy Show Appeal

Úsáidfidh an Fhondúireacht tabhartais go freagrach, go héifeachtach, agus go héifeachtúil chun a misean agus a cláir a chur chun cinn de réir chuspóirí straitéiseacha comhaontaithe an RTÉ Toy Show Appeal, agus de réir Chomhaontú an Chiste faoi Chomhairle Deontóirí atá mar bhonn agus thaca ag an Achainí.

Cinnteoidh an Fhondúireacht go leithdháilfear cistí a thiomsaítear i gcomhréir leis an struchtúr deontais arna chomhaontú go frithpháirteach agus le tosaíochtaí straitéiseacha na Fondúireachta.

Cuirfidh an Fhondúireacht nuashonruithe tréimhsiúla ar fáil do RTÉ maidir le tionchar na gcistí a bailíodh agus dul chun cinn thionscadail agus thionscnaimh na ndeontaithe.

## Rialachas agus Maoirseacht

Déanann Bord na Fondúireachta maoirseacht ar chúrsaí agus cinntíonn siad go bhfuil gach gníomhaíocht ag teacht le misean, le luachanna, agus le cuspóirí carthanachta agus straitéiseacha na Fondúireachta. Tá beartais, nósanna imeachta agus rialuithe cuí bunaithe ag an bhFondúireacht chun ranníocaíochtaí deontóirí a chosaint agus chun muinín agus iontaoibh gach deontóra agus an phobail a chaomhnú.

## Comhlíonadh agus Cuntasacht

Comhlíonfaidh an Fhondúireacht na riachtanais a ghabhann le gach dlí ábhartha, gach comhlacht rialála, lena n-áirítear an Rialálaí Carthanas, agus gach dea-chleachtas lena rialaítear tiomsú airgid carthanachta agus bainistíocht airgeadais. Beidh an Fhondúireacht cuntasach dá deontóirí, dá tairbhithe, dá geallsealbhóirí agus don phobal as úsáid éifeachtach eiticiúil na gcistí.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), fochoiste den bhord Fondúireachta, maoirseacht ar an rialachas ar fad, ar riosca agus ar bhainistíocht airgeadais.

## Na Caighdeáin is Airde maidir le Tuairisciú agus Comhlíonadh leis an Rialálaí Carthanas

Tá féindearbhú déanta ag an bhFondúireacht do Dheimhniúchán an Ghlais Thriaraigh de chuid Institiúid Carthanas na hÉireann;

1. Ghlac an Bord go foirmiúil leis na Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanachta maidir le Tiomsú Airgid ón bPobal, arna gceapadh ag an Rialálaí Carthanas
2. Ullmhaíonn an Fhondúireacht tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais i gcomhréir iomlán leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta do Charthanais faoi FRS102 agus tá siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Fhondúireacht Phobail na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil 2024.
3. Dheimhnigh an Bord go bhfuil an Cód Rialachais Carthanas, arna cheapadh ag an Rialálaí Carthanas, á chomhlíonadh agus dhearbhaigh sé a rún go ndéanfar iad a chomhlíonadh go hiomlán amach anseo. Tá iniúchóir seachtrach ceaptha ag Bord na Fondúireachta chun na cuntais bhliantúla a iniúchadh/a scrúdú.



# An Chaoi a mBronntar Deontais an RTÉ Toy Show Appeal

Tá sé mar aidhm ag RTÉ agus ag Fondúireacht Phobail Éireann araon a chinntiú go ndáiltear an t-airgead a thiomsaítear tríd an Achainí ar bhealach atá chomh héifeachtach agus chomh cothrom agus is féidir.

## An Próiseas Measúnaithe Deontas

Thar ceann RTÉ, reáchtálann Fondúireacht Phobail na hÉireann próiseas oscailte iarratais deontais sna míonna i ndiaidh an RTÉ Toy Show Appeal gach bliain.

Scaipeann Fondúireacht Phobail na hÉireann (a bhfuil bunachar sonraí de níos mó ná 5,000 eagraíocht sa líonra acu) eolas leis an earnáil maidir leis an tréimhse iarratais ar dheontas, agus scaiptear eolas go poiblí ar mheáin shóisialta RTÉ. Reáchtálann Fondúireacht Phobail Éireann seimineár gréasáin faisnéise maidir leis an bpróiseas deontais chomh maith, chun a chinntiú go mbeidh an oiread eolais agus is féidir ag gach iarratasóir féideartha, agus go mbeidh na hiarratasóirí chomh hullamh agus is féidir sula dtabharfaidh siad faoin bpróiseas iarratais.

Carthanais atá cláraithe go foirmiúil amháin atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontais Phobail, Tionchair agus Chlaochlaitheacha.


Ina dhiaidh sin déanann foireann shainiúil ghairmiúil mheasúnaithe deontais Fhondúireacht Phobail na hÉireann na hiarratais ar dheontas a mheasúnú agus a scóráil de réir sraith thrédhearcach critéar, a thagann le trí thosaíocht straitéiseacha na hAchainí. Déanann Sainghrúpa Comhairleach Leanaí na Fondúireachta athbhreithniú eile ar na hiarratais ar dheontas ar an ngearrliosta ina dhiaidh sin. Seo a leanas baill ghrúpa na bliana seo:

- Tanya Ward (An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí)
- Fergal Landy (Fóram Náisiúnta na nIonad Acmhainní Teaghlaigh)
- An tOllamh Nóirín Hayes (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)
- An Dr Cliona Hannon (Fondúireacht Katharine Howard)
- Denise Harding (Ionadaí na nÓg)

Mar a comhaontaíodh le RTÉ i gComhaontú an Chiste faoi Chomhairle Deontóirí, is é painéal de chomhaltaí Bhord Fhondúireacht Phobail na hÉireann a údaraíonn agus a chuireann séala leis na deontais atá le bronnadh ar deireadh. Cuirtear torthaí na n-iarratas in iúl go foirmiúil do gach iarratasóir ina dhiaidh sin.

Is saineolaithe agus ní baill RTÉ a dhéanann measúnú neamhspleách ar gach deontas.

## Dearcadh na nÓg mar Bhonn Eolais faoi Bhronnadh na nDeontas



Cé nach bhfuil ról díreach ag daoine óga sa phróiseas seo, cinntíonn an Painéal Athbhreithnithe Saineolaithe thuasluaite go bhfreagraíonn na hiarratais rathúla do riachtanais leanaí mar is cuí. Cuireann ionchur ó fhóram tiomnaithe comhairliúcháin óige bonn eolais faoin oibre níos leithne a dhéanann Fondúireacht Phobail na hÉireann maidir le deontais a thabhairt lena dtacaítear le daoine óga. Cuidíonn sé seo lena chinntiú go bhfuil tuairimí agus taithí na n-óg mar bhonn eolais faoi bhronnadh deontas. Cuidíonn na léargais seo leis na próisis chinnteoireachta a bhaineann leis an RTÉ Toy Show Appeal chomh maith.

## Dícheall Cuí

Déanann Fondúireacht Phobail na hÉireann dícheall cuí i leith na gcarthanas a mhaoinítear tríd an RTÉ Toy Show Appeal, mar chuid den chomhaontú le RTÉ. Déanann Fondúireacht Phobail Éireann seiceálacha díchill chuí ar gach deontas a thugtar chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht carthanúil, neamhbhrabúsach agus go bhfuil sé cruthaithe ag an gcarthanas go bhfuil sé de chumas aige an deontas a bhainistiú. Déantar gach dícheall cuí de réir chreat dícheallachta cuí agus Seicliosta Rialachais Fhondúireacht Phobail na hÉireann.

## Coinníollacha Dámhachtana

Bítear ag súil go gcomhlánóidh deontaithe an RTÉ Toy Show Appeal Tuairisc Eatramhach gach sé mhí ó dháta na híocaíochta ar aghaidh, chomh maith le Tuairisc Torthaí Deiridh nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe. Ceanglaítear ar na heagraíochtaí foirm theimpléid a chomhlánú ina ligtear dóibh dul chun cinn an tionscadail, an buiséad a caitheadh faoin am sin, agus tionchar an tionscadail go dtí sin a léiriú. Ba chóir an maoiniú ar fad a chaitheamh ar an mbealach a bhí beartaithe agus tugann na Tuarascálacha Eatramhacha agus Torthaí deis do na carthanais é seo a léiriú. I gcás na nDeontas níos mó a thugtar, déantar dícheall cuí níos doimhne ag céimeanna na tuarascála Eatramhaí agus Torthaí.

# Forbhreathnú Airgeadais

Ó seoladh í i bhFómhar 2020, tá €26.6 milliún tiomsaithe ag an RTÉ Toy Show Appeal, suim iontach ar bailíodh an chuid is mó di mar thoradh ar fhlaithiúlacht daoine aonair ar fud oileán na hÉireann. Thar an tréimhse cúig bliana, tháinig 97.8% (€26m) de na tabhartais go léir ó dhaoine aonair, agus tháinig an 2.2% (€587k) eile ó dheontóirí corparáideacha.

Téann gach tabhartas go díreach isteach i gcuntais Fhondúireacht Phobail na hÉireann; ní théann siad chuig RTÉ.

Mhair an RTÉ Toy Show Appeal trí éiginnteacht na paindéime agus na ngéarchéimeanna costais mhaireachtála a tháinig ina dhiaidh sin. Fiú le linn na dtréimhsí dúshlánacha seo, d'fhan an lucht féachana dílis don achainí i gcónaí agus lean siad orthu ag tabhairt go fial. Is léir seo ón méadú 33.9% ar thabhartais a fuarthas in 2024 i gcomparáid le 2023.

Aistrítear na cistí go léir a thiomsaítear chuig an bhFondúireacht trí na hardáin íocaíochta, Stripe agus Revolut. Bíonn siad imfhálaithe i gcuntas bainc an Chiste faoi Chomhairle Deontóirí go dtí go mbeidh gach iarratas ar dheontas faighte agus measúnú déanta orthu.

## Asbhaintí Ciste

Ní dhéanann RTÉ aon asbhaint agus ní ghearrtar aon táille ar thabhartas ar bith a thugtar don RTÉ Toy Show Appeal.

De réir théarmaí an Chomhaontaithe Ciste le RTÉ (agus mar a luaitear go soiléir ar na hardáin íocaíochta faoi seach), déantar asbhaintí i leith chostais bhainistíochta na hAchainí ag an bhfoinse.

Ó bunaíodh an Achainí, dáileadh 96.7% (€25,808,740) de chistí iomlána na hAchainí ar charthanais seirbhísí tosaigh do leanaí. Bíonn uas-éifeachtúlacht costais i bhfeidhm ag an Achainí, agus ní dheachaigh ach 3.3% (€890,400) de na cistí iomlána a tiomsaíodh thar na cúig bliana i dtreo costais oibriúcháin; tá an sciar seo i bhfad níos lú ná gnáthsciar na hearnála.

Áirítear na costais seo a leanas i measc na gcostas oibriúcháin:

**Táillí Idirbheart**
Táillí ar idirbhearta ar líne – déantar na táillí seo a asbhaint ag an bhfoinse tríd an tseirbhís próiseála íocaíochta Stripe, a éascaíonn an tseirbhís idirbheartaíochta ar líne do thabhartais, a dhéantar ar shuíomh gréasáin tabhartas saincheaptha. Bíonn táille laghdaithe ar ráta carthanachta i gceist do na seirbhísí seo. Déantar tagairt don asbhaint seo sa téacs ar shuíomh gréasáin na dtabhartas, ag an bpointe idirbhirt, chun trédhearcacht don deontóir a chinntiú. Nochtar an asbhaint iomlán do tháillí ar líne go trédhearcach sna Ráitis Airgeadais bhliantúla.

Ní ghearrtar táillí próiseála ar bith ar thabhartais a dhéantar tríd an aip Revolut, áit a dtugtar le fios go soiléir freisin go dtéann tabhartais go díreach chuig Fondúireacht Phobail na hÉireann.

Tá seirbhísí tacaíochta Ionaid Glaonna á gcur ar fáil ag Abtran don Achainí ó 2020 ar bhonn pro bono.

**Costais riaracháin don Chlár Bronnta Deontas**
Is mór agus is fairsing an obair agus an dícheall cuí a dhéantar i dtaobh measúnaithe deontas, dáileadh deontas, agus obair leanúnach maidir le comhlíonadh. D'fhonn a chinntiú go ndéantar an obair seo de réir na gcaighdeán gairmiúil cuí, údaraíonn RTÉ go n-asbhaineann Fondúireacht Phobail na hÉireann táille a chomhaontaítear go conarthach roimh gach Achainí. Ar an gcaoi chéanna, maidir le deontais a bhronntar ar Fhondúireacht Phobail Thuaisceart Éireann (le haghaidh bronnta deontas i dTuaisceart Éireann), déantar asbhaint ar chostas réasúnta chun luach a gcuid seirbhísí gairmiúla a chlúdach. Foilsítear an dá tháille seo go bliantúil i Ráitis Airgeadais an RTÉ Toy Show Appeal.

**Próisis Airgeadais agus Maoirseacht**
Bíonn gach próiseas airgeadais faoi réir maoirseacht neamhspleách a dhéanann Bord Fhondúireacht Phobail na hÉireann. Ullmhaíonn an Fhondúireacht tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais i gcomhréir iomlán leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta do Charthanais faoi FRS102 agus tá siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Fhondúireacht Phobail na hÉireann. Ina theannta sin, oibríonn RTÉ agus Fondúireacht Phobail na hÉireann le chéile chun Tuarascáil Bhliantúil an RTÉ Toy Show Appeal a ullmhú, lena n-áirítear miondealú iomlán ar na deontais go léir a bronnadh sa bhliain sin faoi seach, agus Ráiteas Airgeadais cuimsitheach. Foilsíonn an dá eagraíocht na tuarascálacha seo ar líne agus scaiptear iad ar phríomhpháirtithe leasmhara.

Mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, déantar iniúchadh reachtúil bliantúil ar Fhondúireacht Phobail na hÉireann, arna chur i gcrích ag Forvis Mazars. Tagann an RTÉ Toy Show Appeal faoi raon feidhme na hiniúchóireachta reachtúla bliantúla agus bíonn sí á hiniúchadh de réir prótacail chaighdeánacha iniúchóireachta.

# Ráitis Airgeadais don Tréimhse 2020-2025

| An RTÉ Toy Show Fund - ag 31.10.2025 | 5 Blian Iomlán | 2024 Toy Show | 2023 Toy Show | 2022 Toy Show | 2021 Toy Show | 2020 Toy Show |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh** | **€0** | €32 | €47,144 | €37,768 | €22,287 | €0 |
| **Síntiúis a Fuarthas** | | | | | | |
| Síntiúis a Fuarthas | **€26,491,540** | €5,085,529 | €3,685,208 | €4,055,281 | €6,826,478 | €6,839,045 |
| Tabhartas Comhchistíochta ó CFI | **€77,543** | €40,000 | €37,543 | €0 | €0 | €0 |
| Aisíoc ar Dheontais na bliana roimhe | **€93,000** | €0 | €93,000 | €0 | €0 | €0 |
| Cáin a fuarthas | **€43,681** | €0 | €13,449 | €30,232 | €0 | €0 |
| **Íomlán Fáltais** | **€26,705,764** | €5,125,529 | €3,829,200 | €4,085,513 | €6,826,478 | €6,839,045 |
| **Íocaíochtaí Deontais** | | | | | | |
| An Babhta Pobail - Poblacht na hÉireann | | | | | | |
| Aghaidh a thabhairt ar Riachtanas Bunúsach | **(€988,825)** | (€232,400) | (€261,128) | (€267,500) | (€227,797) | €0 |
| Sláinte agus Folláine | **(€1,458,974)** | (€414,300) | (€334,500) | (€397,000) | (€313,174) | €0 |
| Cruthaitheacht agus Spraoi | **(€812,114)** | (€97,000) | (€149,000) | (€204,500) | (€361,614) | €0 |
| **Iomlán an Bhabhta Tionchair - Poblacht na hÉireann** | **(€3,259,912)** | (€743,700) | (€744,628) | (€869,000) | (€902,584) | €0 |
| **An Babhta Tionchair - Poblacht na hÉireann** | | | | | | |
| Aghaidh a thabhairt ar Riachtanas Bunúsach | **(€3,806,774)** | (€1,024,000) | (€499,215) | (€720,000) | (€1,220,565) | (€342,994) |
| Sláinte agus Folláine | **(€7,346,922)** | (€1,717,300) | (€1,248,144) | (€1,439,000) | (€1,615,380) | (€1,327,099) |
| Cruthaitheacht agus Spraoi | **(€3,580,336)** | (€544,900) | (€398,000) | (€558,000) | (€1,102,969) | (€976,467) |
| **Iomlán an Bhabhta Tionchair - Poblacht na hÉireann** | **(€14,734,032)** | (€3,286,200) | (€2,145,358) | (€2,717,000) | (€3,938,914) | (€2,646,560) |
| **An Babhta Bunathraitheachta - Poblacht na hÉireann** | | | | | | |
| Aghaidh a thabhairt ar Riachtanas Bunúsach | **(€2,104,492)** | (€95,000) | (€205,000) | €0 | (€300,000) | (€1,504,492) |
| Sláinte agus Folláine | **(€2,244,492)** | (€280,000) | (€160,000) | €0 | (€300,000) | (€1,504,492) |
| Cruthaitheacht agus Spraoi | **(€1,112,690)** | (€140,000) | (€120,000) | €0 | (€550,000) | (€302,690) |
| **Iomlán - An Bhabhta Bunathraitheachta - Poblacht na hÉireann** | **(€5,461,673)** | (€515,000) | (€485,000) | €0 | (€1,150,000) | (€3,311,673) |
| **Deontais a Tugadh - Tuaisceart Éireann** | | | | | | |
| An Babhta Pobail | **(€1,177,031)** | (€166,679) | (€104,221) | (€97,856) | (€179,555) | (€628,720) |
| An Babhta Tionchair | **(€1,176,097)** | (€227,967) | (€232,766) | (€257,302) | (€458,062) | €0 |
| Eile | **€0** | €0 | €0 | €0 | €0 | €0 |
| **Iomlán - Na nDeontas a Tugadh – Tuaisceart Éireann** | **(€2,353,128)** | (€394,646) | (€336,987) | (€355,158) | (€637,617) | (€628,720) |
| **Íomlán na nÍocaíochtaí Deontais** | **(€25,808,746)** | (€4,939,546) | (€3,711,973) | (€3,941,158) | (€6,629,116) | (€6,586,953) |
| **Táillí Próiseála** | | | | | | |
| Costais chlár thabhairt na ndeontas & riarachán (Poblacht na hÉireann & Tuaisceart Éireann) | **(€739,933)** | (€171,741) | (€155,119) | (€118,939) | (€151,439) | (€142,695) |
| Táillí maidir le hidirbhearta ar líne | **(€150,502)** | (€12,326) | (€9,220) | (€11,404) | (€30,443) | (€87,110) |
| Síntiúis Aisíoctha (íocaíochtaí Revolut athfhillteacha) | **(€4,636)** | €0 | €0 | (€4,636) | €0 | €0 |
| **Iomlán na dTáillí Próiseála** | **(€895,071)** | (€184,067) | (€164,339) | (€134,979) | (€181,881) | (€229,805) |
| **Iarmhéid Deiridh an Chiste** | **€1,947** | €1,947 | €32 | €47,144 | €37,768 | €22,287 |

# Nótaí Buíochais

## Bosa in Airde
## Lenár gcomhpháirtithe agus lucht tacaíochta

Ní bheifí in ann an RTÉ Toy Show Appeal a reáchtáil murach flaithiúlacht agus dúthracht ár gcomhpháirtithe agus ár lucht tacaíochta.

**Táimid fíorbhuíoch de na grúpaí agus de na daoine seo a leanas:**

ABTRAN
This is Service

ABTRAN a chuir seirbhísí gairmiúla ionaid glaonna ar fáil maidir leis an achainí gan aon táille a ghearradh. Glactar buíochas leo sin ar fad a d'oibrigh go deonach san ionad glaonna ag cuidiú le próiseáil a dhéanamh ar na tabhartais ar fad a tugadh ar an teileafón.

stripe

Déanann ár soláthraí maidir le próiseáil íocaíochtaí freastal do thabhartais ar líne ar ráta lascaine speisialta sa réimse gairmiúil.

Revolut

Revolut a shocraíonn gur féidir gach tabhartas a thabhairt don achainí saor ó tháille agus a dhéanann na bearta taca teicniúla ar fad is gá chun déileáil le líon tabhartas chomh hard agus a theastaíonn.

PENNEYS

Penneys as a gcomhpháirtíocht agus a dtacaíocht maidir le feasacht agus cistí a ardú don Achainí.

TESCO
Every little helps

Tesco as a gcomhpháirtíocht agus a dtacaíocht maidir le feasacht agus cistí a ardú don Achainí.

**Agus ar deireadh, gabhaimid buíochas le muintir na hÉireann— is í flaithiúlacht sheasmhach, iontach phobal na hÉireann a chuireann ar ár gcumas cúnamh a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh ar fud an oileáin, nuair a bhíonn sé ag teastáil go géar uathu.**
**Go raibh maith agaibh.**

RTÉ

DO MHEÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ


Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
linkedin.com/company/rte